Athruithe ar Reachtaíocht: ó 3 Samhain 2026, tá athruithe ar an Acht seo nach bhfuil curtha i bhfeidhm ag foireann eagarthóireachta na nAchtanna Athbhreithnithe, féach na hiontrálacha aibhsithe **anseo**. Tabhair faoi deara nach bhféadfadh roinnt leasuithe a bheith i bhfeidhm go dtí go dtosóidh ordú tosaithe nó foráil eile iad.



Uimhir 32 *de* 2003

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

ATHBHREITHNITHE

Uasdátaithe go 1 Meitheamh 2025

Is comhdhlúthú riaracháin ar *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* é an tAcht leasaithe seo. D'ullmhaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí é de réir a fheidhme faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975* (3/1975) chun an dlí a choimeád faoi athbhreithniú agus chun athbhreithniú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar an dlí reachtach.

Cuireadh san áireamh gach Acht suas go dtí *an tAcht Airgeadais (Rochtain ar Bhonneagar Airgid Thirim a Sholáthar) 2025* (4/2025), a achtaíodh 20 Bealtaine 2025, agus é sin san áireamh, agus gach ionstraim reachtúil suas go dtí an *Agriculture, Food and the Marine (Delegation of Ministerial Functions) Order 2025* (I.R. Uimh. 244 de 2025), a rinneadh an 4 Meitheamh 2025, agus é sin san áireamh, agus an tAcht Athbhreithnithe seo á ullmhú.

Séanadh: Cé go ndearnadh gach cúram in ullmhúchán an Achta Athbhreithnithe seo, ní ghlacann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le haon fhreagracht as cruinneas, iomláine nó nádúr cothrom le dáta na faisnéise a chuirtear ar fáil agus ní thugann sé aon ráthaíocht, gealltanas ná baránta ina leith, agus ní ghlacann sé le haon dliteanas ar chor ar bith a eascraíonn as aon earráid nó aon easnamh. Cuir in iúl le do thoil aon earráidí, easnaimh agus tuairimí le ríomhphost chuig revisedacts@lawreform.ie.



Uimhir 32 *de* 2003.

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

ATHBHREITHNITHE

Uasdátaithe go 1 Meitheamh 2025

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Caiteachais.
4. Rialacháin.
4A. Ceann comhlachta phoiblí a cheapadh.
4B. Tuarascáil ar chomhlíonadh oibleagáidí faoin Acht.

CUID 2

ORGAIN STÁIT

5. Tuarascáil bhliantúil do Thithe an Oireachtais.
6. Úsáid na dteangacha oifigiúla i dTithe an Oireachtais.
7. Achtanna an Oireachtais.
8. Riaradh an cheartais.

CUID 3

COMHLACHTAÍ POIBLÍ

9. Dualgas comhlachtaí poiblí na teangacha oifigiúla a úsáid ar stáiseanóireacht oifigiúil, etc.

9A. Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le hainmneacha, seoltaí agus teidil i nGaeilge.

9B. Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le foirmeacha oifigiúla.

9C. Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le lógannna.

9D. Ainmneacha agus lóganna comhlachtaí reachtúla nuabhunaithe.

9E. Seirbhísí pobal-inrochtana.

10. Dualgas comhlachtaí poiblí doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla.

10A. Fógraíocht ag comhlachtaí poiblí.

11. Úsáid na dteangacha oifigiúla ag comhlachtaí poiblí.

12. An tAire d'fhoilsiú treoirlínte.

13. Comhlacht poiblí d'ullmhú dréacht-scéime.

14. An tAire do dhaingniú dréacht-scéimeanna.

15. Athbhreithniú tréimhsiúil ar scéimeanna.

16. Scéimeanna a leasú.

17. Mainneachtain dréacht-scéim a ullmhú.

18. Dualgas scéimeanna a chur i gcrích.

18A. An Coiste Comhairleach a bhunú.

18B. Comhaltas an Choiste Chomhairligh.

18C. Dualgas scéimeanna a chur i gcrích.

18D. Feidhmeanna an Choiste Chomhairligh.

18E. Dualgas an Aire i leith Plean Náisiúnnta arna ullmhú faoi *alt 18C*.

18F. Tuarascáil an Choiste Chomhairligh .

19. Toirmeasc ar chomhlachtaí poiblí d'fhorchur muirear.

19A. Caighdeáin teanga.

19B. Dualgas caighdeáin teanga a chomhlíonadh.

19C. Maolú ar chaighdeáin teanga.

19D. Treoirlínte i leith caighdeáin teanga.

CUID 4

AN COIMISINÉIR TEANGA

20. Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla a bhunú.

21. Feidhmeanna an Choimisinéara.

22. Cumhachtaí an Choimisinéara.

23. Imscrúduithe a sheoladh.

24. Eisiamh.

25. Faisnéis a nochtadh.

26. Tuarascáil ar fhionnachtana.

27. Scéimeanna cúitimh.

28. Achomhairc chuig an Ard-Chúirt.

29. An Coimisinéir d'fhoilsiú tráchtaireachtaí maidir le feidhm phraiticiúil, etc. an Achta.

30. Tuarascálacha ón gCoimisinéir.

CUID 5

LOGAINMNEACHA

31. Mínithe.

31A. An Coiste Logainmneacha a bhunú.

31B. Comhaltas an Choiste Logainmneacha.

31C. Feidhmeanna an Choiste Logainmneacha.

32. Orduithe logainmneacha.

33. Forléiriú focal i ndoiciméid dhlíthiúla.

34. Leasú ar an Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis éireann 2001.

35. Aisghairm.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

36. Ról an Ombudsman.

AN CHÉAD SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ POIBLÍ

AN DARA SCEIDEAL

AN COIMISINÉIR TEANGA

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na héireann 1999	1999, Uimh. 1
Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse 1956	1956, Uimh. 45
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956	1956, Uimh. 46
Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 1996	
An tAcht um Chosaint Sonraí 1988	1988, Uimh. 25
An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa 1977	1977, Uimh. 30

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1993	1993, Uimh. 30
An tAcht Cuanta 1946	1946, Uimh. 9
An tAcht Cuanta 1996	1996, Uimh. 11
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
Marriages (Ireland) Act 1844	6 & 7 Vict., c. 81
An tAcht Airí agus Rúnaithe 1924	1924, Uimh. 16
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 1956	1956, Uimh. 21
An tAcht Ombudsman 1980	1980, Uimh. 26
An Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis éireann 2001	2001, Uimh. 43
An tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) 1973	1973, Uimh. 24
An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997	1997, Uimh. 27
Na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 go 2002	

Uimhir 32 *de* 2003

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

ATHBRHREITHNITHE

Uasdátaithe go 1 Meitheamh 2025

ACHT CHUN ÚSÁID NA GAEILGE A CHUR CHUN CINN CHUN CRÍOCH OIFIGIúIL SA STÁT; CHUN SOCRú A DHéANAMH MAIDIR LE DHÁ THEANGA OIFIGIúLA AN STÁIT A úSÁID IN IMEACHTAÍ PARLAIMINTE, IN ACHTANNA AN OIREACHTAIS, I RIARADH AN CHEARTAIS, LE LINN CUMARSÁID A DHéANAMH LEIS AN bPOBAL NÓ SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR DON PHOBAL AGUS LE LINN OBAIR COMHLACHTAÍ POIBLÍ A DHéANAMH; CHUN DUALGAIS COMHLACHTAÍ DEN SÓRT SIN I LEITH THEANGACHA OIFIGIúLA AN STÁIT A LEAGAN AMACH; AGUS CHUN NA gCRÍOCH SIN, CHUN SOCRú A DHéANAMH MAIDIR LE BUNú OIFIG CHOIMISINéIR NA dTEANGACHA OIFIGIúLA AGUS CHUN A FEIDHMEANNA A MHÍNIú; CHUN SOCRú A DHéANAMH MAIDIR LEIS AN gCOIMISINéIR D'FHOILSIú FAISNéIS ÁIRITHE A BHAINEANN LE CRÍOCHA AN ACHTA SEO; AGUS CHUN SOCRú A DHéANAMH I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [14 *Iúil*, 2003]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

1. —(1) Féadfar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta, nach déanaí ná 3 bliana tar éis an tAcht seo a rith, a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe ón Aire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú.

2. —(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

F1**[**ciallaíonn "Acht 2012" Acht na Gaeltachta, 2012 ;**]**

F1**[**tá le "Coiste Comhairleach" an bhrí a shanntar dó le *halt 18A*;**]**

ciallaíonn “Coimisinéir”, de réir mar a éilíonn an comhthéacs, Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla a bhunaítear le *halt 20* nó sealbhóir na hoifige sin de thuras na huaire;

folaíonn “cúirt” binse arna bhunú faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 go 2002;

ciallaíonn “dréacht-scéim” dréacht-scéim a bheidh le hullmhú ag comhlacht poiblí faoin Acht seo;

ciallaíonn “achtachán” reacht nó ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht;

F1**[**déanfar "lá bunaithe" a fhorléiriú de réir *alt 18A*;**]**

folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais, agus aon tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna folaíonn siad, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d'fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na ndualgas;

F2**[**tá le "limistéar Gaeltachta" an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2012;**]**;

F1**[**tá le "Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta" an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2012**]**

F1**[**tá le "Baile Seirbhíse Gaeltachta" an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2012;**]**

ciallaíonn “ceann” ceann comhlachta phoiblí;

F2**[**ciallaíonn "ceann comhlachta phoiblí" an duine arna cheapadh nó arna ceapadh ina phríomhoifigeach nó ina príomhoifigeach ar an gcomhlacht poiblí nó, i gcás nach mbeidh aon duine den sórt sin ceaptha, an duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú le hordú ón Rialtas arna dhéanamh faoi *alt 4A* chun bheith ina cheann nó ina ceann ar an gcomhlacht poiblí chun críocha an Achta seo;**]**

(*a*) i ndáil le Roinn Stáit, an tAire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne sin,

(*b*) i ndáil le hOifig an Ard-Aighne, an tArd-Aighne,

(*c*) F3**[**i ndáil le hOifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, Stiúrthóir Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí**]**

(*d*) i ndáil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,

(*e*) i ndáil le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí,

(*f*) i ndáil le F4**[**Seirbhís Thithe an Oireachtai**]**, Cathaoirleach Dháil Éireann,

(*g*) i ndáil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise, an Coimisinéir Faisnéise,

(*h*) F3**[**i ndáil leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Príomh-Fheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí**]**

(*i*) i ndáil le hOifig an Ombudsman, an tOmbudsman,

(*j*) i ndáil le haon chomhlacht poiblí eile, an duine atá i seilbh, nó a chomhlíonann feidhmeanna, oifig phríomhoifigeach feidhmiúcháin (cibé ainm a thugtar uirthi) an chomhlachta;

F1**[**tá le "Líonra Gaeilge" an bhrí chéanna atá leis i gCuid 2 d’Acht 2012;**]**

tá le “údarás áitiúil” an bhrí a shanntar dó le fo-alt (1) d'alt 2 den Acht Rialtais Áitiúil 2001;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta;

F1**[**tá le "Plean Náisiúnta" an bhrí a shanntar dó le *halt 18C*;**]**

F1**[**ciallaíonn 'foirm oifigiúil' foirm, lena n-áirítear foirm leictreonach, a úsáideann comhlacht poiblí i dtaca leis an gcomhlacht sin do sholáthar seirbhíse;**]**

ciallaíonn "na teangacha oifigiúla" an Ghaeilge (ós í an teanga náis iúnta agus an phríomhtheanga oifigiúil í) agus an Béarla (ós teanga oifigiúil eile é) mar a shonraítear in Airteagal 8 den Bhunreacht;

ciallaíonn "forordaithe" forordaithe ag an Aire le rialacháin faoi *alt 4* ;

ciallaíonn "imeachtaí " imeachtaí sibhialta nó coiriúla os comhair aon chúirte;

déanfar "comhlacht poiblí " a fhorléiriú de réir an *Chéad Sceidil*;

folaíonn "taifead" aon mheabhrán, leabhar, plean, léarscáil, líníocht, léaráid, saothar pictiúrtha nó grafach nó doiciméad eile, aon ghrianghraf, scannán nó taifeadadh (cibé acu is taifeadadh fuaime nó taifeadadh íomhánna nó iad araon é), F5**[**aon fhoirm ina gcoimeádtar sonraí (lena n-áirítear foirm mheaisín-inléite) nó rud**]** ina ndéantar faisnéis a choimeád nó a stóráil de láimh, go meicniúil nó go leictreonach agus aon rud ar cuid nó cóip é, i bhfoirm ar bith, d'aon cheann díobh sin roimhe seo nó ar teaglaim é de dhá cheann nó níos mó díobh sin roimhe seo;

ciallaíonn "scéim" scéim arna daingniú ag an Aire faoi *alt 14* ;

ciallaíonn "seirbhís" seirbhís arna tairiscint nó arna soláthar (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach) ag comhlacht poiblí don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne.

F1**[**ciallaíonn "comhlacht reachtúil" comhlacht arna bhunú le reacht nó faoi reacht;**]**

(2) (*a*) San Acht seo aon tagairt d'alt nó do sceideal is tagairt í d'alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe.

(*b*) San Acht seo aon tagairt d'fho-alt nó do mhír nó d'fhomhír is tagairt í don fho-alt nó don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

Caiteachais.

3. —Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire agus aon Aire eile den Rialtas ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Rialacháin.

4. —(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais—

(*a*) le rialacháin, foráil a dhéanamh, faoi réir fhorálacha an Achta seo, le haghaidh aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú,

(*b*) i dteannta aon chumhachta eile a thugtar dó nó di chun rialacháin a dhéanamh, rialacháin a dhéanamh i gcoitinne chun críocha an Achta seo agus chun lánéifeacht a thabhairt don Acht seo,

(*c*) más rud é, le linn na chéad 3 bliana d'fheidhm an Achta seo maidir le comhlacht poiblí a shonraítear i *bhfomhír (3), (4)* nó *(5)* de *mhír 1* den *Chéad Sceideal*, go n-éireoidh aon deacracht i ndáil leis an Acht seo a thabhairt i ngníomh a mhéid atá feidhm aige maidir leis an gcomhlacht sin, aon ní a dhéanamh le rialacháin ar dealraitheach gur gá nó gur fóirsteanach é chun an tAcht seo a thabhairt i ngníomh a mhéid atá feidhm

aige maidir leis an gcomhlacht sin agus féadfar, le rialacháin faoin mír seo, a mhéid amháin is dealraitheach gur gá é chun na rialacháin a thabhairt in éifeacht, foráil den Acht seo a mhodhnú má tá an modhnú i gcomhréir le críocha, prionsabail agus meon an Achta seo, agus

(*d*) más rud é, in aon slí eile, go n-éireoidh aon deacracht le linn na tréimhse 3 bliana ó thosach feidhme an Achta seo i ndáil leis an Acht seo a thabhairt i ngníomh, aon ní a dhéanamh le rialacháin ar dealraitheach gur gá nó gur fóirsteanach é chun an tAcht seo a thabhairt i ngníomh agus féadfar, le rialacháin faoin mír seo, a mhéid amháin is dealraitheach gur gá é chun na rialacháin a thabhairt in éifeacht, foráil den Acht seo a mhodhnú má tá an modhnú i gcomhréir le críocha, prionsabail agus meon an Achta seo.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin Acht seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) I gcás ina mbeartaíonn an tAire rialacháin a dhéanamh faoi *mhír (c)* nó *(d) d'fho-alt (1)* nó chun críocha *mhír 1(5)*, nó faoi *mhír 3*, den *Chéad Sceideal*, cuirfidh sé nó sí faoi deara dréacht de na rialacháin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.

(4) I gcás ina mbeartaíonn an tAire rialacháin a dhéanamh faoi *fho-alt (1)(c)*, rachaidh sé nó sí, sula ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh, i gcomhairle le cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas i ndáil leis na rialacháin atá beartaithe.

(5) Féadfar, le rialacháin lena bhforordaítear comhlacht, eagraíocht nó grúpa ("an comhlacht") chun críocha *mhír 1 (5)* den *Chéad Sceideal*, a fhoráil nach mbeidh feidhm ag an Acht seo maidir leis an gcomhlacht ach amháin i leith feidhmeanna sonraithe de chuid an chomhlachta, agus beidh feidhm ag an Acht seo agus beidh éifeacht leis de réir aon fhorála den sórt sin.

(6) Déanfar gach rialachán faoin Acht seo (seachas rialachán dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

F6**[**Ceann comhlachta phoiblí a cheapadh

4A. —Más rud é, de thuras na huaire, nach mbeidh duine ar bith arna cheapadh nó arna ceapadh ina phríomhoifigeach nó ina príomhoifigeach ar chomhlacht poiblí, féadfaidh an Rialtas, le hordú, duine a shainainmniú chun bheith ina cheann nó ina ceann ar an gcomhlacht poiblí chun críocha an Achta seo.

(2) Déanfar gach ordú faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.**]**

F7**[**Tuarascáil ar chomhlíonadh oibleagáidí faoin Acht

4B. —Déanfaidh ceann comhlachta phoiblí—

(*a*) comhalta foirne eile den chomhlacht a cheapadh, ón mbainistíocht shinsearach, chun formhaoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí an chomhlachta faoin Acht

seo agus tuarascáil a thabhairt dó nó di, de réir mar is cuí, i ndáil le hoibleagáidí an chomhlachta faoin Acht seo, agus

(*b*) a chinntiú go ndéanfar achoimre ar aon cheann de na nithe arna dtuairisciú dó nó di de réir mhír (a) a áireamh i dtuarascáil bhliantúil an chomhlachta lena mbaineann.**]**

CUID 2

Orgain Stáit

Tuarascáil bhliantúil do Thithe an Oireachtais.

5. —Déanfaidh an tAire gach bliain, ag tosú an bhliain tar éis bhliain thosach feidhme an Achta seo, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas maidir le hoibriú an Achta seo an bhliain roimhe sin.

úsáid na dteangacha oifigiúla i dTithe an Oireachtais.

6. —(1) Beidh ceart ag comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas ceachtar de na teangacha oifigiúla a úsáid in aon díos póireachtaí nó in aon imeachtaí eile sa Teach sin nó de chuid coiste de cheachtar Teach, comhchoiste den dá Theach nó fochoiste de choiste nó de chomhchoiste den sórt sin.

(2) Beidh ceart ag duine a bheidh ag láithriú os comhair ceachtar Tí den Oireachtas nó os comhair coiste, comhchoiste nó fochoiste den sórt sin a dúradh ceachtar de na teangacha oifigiúla a úsáid.

(3) Déanfar gach tuairisc oifigiúil ar dhíospóireachtaí agus ar imeachtaí eile Thithe an Oireachtais a fhoilsiú i ngach ceann de na teangacha oifigiúla, ach amháin go bhféadfar óráidí daoine (cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn) i gceachtar de na teangacha oifigiúla a fhoilsiú inti sa teanga sin amháin.

F8**[**Achtanna an Oireachtais.

7. —(1) A luaithe is féidir tar éis aon Acht den Oireachtas a achtú, déanfar an téacs den chéanna a chló agus a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla.

(2) Ní oibreoidh*fo-alt (1)* chun toirmeasc a chur ar Acht den Oireachtas a fhoilsiú ar an idirlíon in aon teanga oifigiúil amháin sula ndéanfar é a chló agus a fhoilsiú de réir an fho-ailt sin.**]**

Riaradh an cheartais.

8. —(1) Féadfaidh duine ceachtar de na teangacha oifigiúla a úsáid in aon chúirt nó in aon phléadáil in aon chúirt nó in aon doiciméad a eiseofar ó aon chúirt.

(2) Tá dualgas ar gach cúirt, in aon imeachtaí os a comhair, a chinntiú go bhféadfaidh aon duine a bheidh ag láithriú inti nó a bheidh ag tabhairt fianaise os a comhair éisteacht a fháil sa teanga oifigiúil is rogha leis nó léi, agus nach mbeidh an duine, trí éisteacht a fháil amhlaidh, faoi mhíbhuntáiste toisc nach bhfaigheann sé nó sí éisteacht sa teanga oifigiúil eile.

(3) D'fhonn a chinntiú nach mbeidh aon duine faoi mhíbhuntáiste mar a dúradh, féadfaidh an chúirt a chur faoi deara cibé saoráidí is dóigh léi is cuí a chur ar fáil chun ateangaireacht chomhuaineach nó chomhleanúnach ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile a dhéanamh ar imeachtaí.

(4) I gcás inar páirtí in imeachtaí sibhialta os comhair cúirte an Stát nó comhlacht poiblí —

(*a*) déanfaidh an Stát, nó an comhlacht poiblí, an teanga oifigiúil a bheidh roghnaithe ag an bpáirtí eile a úsáid sna himeachtaí, agus

(*b*) más rud é gur páirtí sna himeachtaí beirt duine nó níos mó (seachas an Stát nó comhlacht poiblí) agus nach ndéanfaidh siad an teanga oifigiúil a bheidh le húsáid sna hime achtaí a roghnú nó a chomhaontú, déanfaidh an Stát nó, de réir mar is cuí, an comhlacht poiblí, cibé teanga oifigiúil is dealraitheach dó a bheith réasúnach, ag féachaint do na himthosca, a úsáid sna himeachtaí.

(5) D'ainneoin aon fhorála eile den alt seo, ní chuirfear iallach ar dhuine fianaise a thabhairt i dteanga oifigiúil ar leith in aon imeachtaí.

(6) Nuair a bheidh teanga oifigiúil ar leith á roghnú ag duine lena húsáid in aon imeachtaí os comhair cúirte, ní churifidh an chúirt nó comhlacht poiblí aon cheataí nó caiteachas breise air nó uirthi thar mar a thabhófaí dá roghnódh sé nó sí an teanga oifigiúil eile a úsáid.

CUID 3

Comhlachtaí Poiblí

Dualgas comhlachtaí poiblí na teangacha oifigiúla a úsáid ar stáiseanóireacht oifigiúil, etc.

9. —(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, a fhoráil gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a mhéid a bheidh sonraithe, a bheidh fógairtí béil (cibé acu beo nó taifeadta) arna ndéanamh ag comhlacht poiblí, ceannteidil stáiseanóireachta a úsáideann comhlacht poiblí agus ábhar agus leagan amach aon chomharthaí F9**[**...**]** dá chuid agus féadfar forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le haicmí éagsúla comhlachta, fógairtí béil, F10**[**stáiseanóireachta nó comharthaí**]**F9**[**...**]**.

F11**[**(2) I gcás go ndéanfaidh duine cumarsáid i scríbhinn, leis an bpost leictreonach nó ar na meáin shóisialta, i dteanga oifigiúil le comhlacht poiblí, freagróidh an comhlacht poiblí sa teanga chéanna.**]**

F11**[**(3) I gcás go ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme nó chun margaíocht a dhéanamh ar an gcomhlacht poiblí nó ar a chuid seirbhísí leis an bpobal nó leis an aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla, a bheidh an chumarsáid.**]**

F11**[**(4) I gcás gur i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh an chumarsáid dá dtagraítear *i bhfo-alt (3)*—**]**

(*a*) maidir leis an gcuid den téacs a bheidh i nGaeilge, ní bheidh sí i gcló níos lú ná an chuid den téacs a bheidh i mBéarla agus beidh sí chomh feiceálach, chomh hinfheicthe agus chomh hinléite céanna leis an gcuid den téacs a bheidh i mBéarla, agus

F11**[**(*b*) más rud é, maidir leis an téacs a bheidh i nGaeilge, go mbeidh cuid de giorraithe, beidh an chuid den téacs a bheidh i mBéarla, arb í an t-aistriúchán ar an téacs giorraithe sin í, giorraithe freisin.**]**

F12**[**Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le hainmneacha, seoltaí agus teidil i nGaeilge

9A. —D'fhonn a chinntiú go ndéanfaidh comhlacht poiblí ainm (lena n-áirítear foirm athartha nó foirm mháthartha an ainm), seoladh nó teideal (lena n-áirítear an rogha gan teideal ar bith a úsáid) duine i nGaeilge, a thaifeadadh agus a úsáid i gceart, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé Aire (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire, ag féachaint d'fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí, an comhlacht a fhorordú chun críocha an ailt seo.

(2) Féadfaidh an tAire, le linn comhlacht poiblí a fhorordú faoi *fho-alt (1)*, na seirbhísí a thairgeann nó a sholáthraíonn an comhlacht a shonrú, is seirbhísí ar ina leith a fhorordófar amhlaidh é.

(3) Cinnteoidh comhlacht poiblí a fhorordófar faoi fho-alt*fho-alt (1)* go mbeidh na córais faisnéise agus chumarsáide, agus aon chórais eile (cibé acu córais leictreonacha nó eile), a úsáideann an comhlacht ina chumarsáidí leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, de réir mar is cuí, cumraithe ar mhodh—

(*a*) lena gceadófar, leis na córais sin, ainm (lena n-áirítear foirm athartha nó foirm mháthartha an ainm), seoladh nó teideal (lena n-áirítear an rogha gan teideal ar bith a úsáid) duine i nGaeilge a thaifeadadh agus a úsáid i gceart i ndáil leis na seirbhísí arna dtairiscint nó arna soláthar ag an gcomhlacht ar ina leith a fhorordófar amhlaidh é, agus

(*b*) lena ndéanfar úsáid an tsínte fhada sa téacs Gaeilge a éascú.

(4) (*a*) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná 3 mhí ó thosach feidhme alt 4 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 agus tar éis dul i gcomhairle le cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire, treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint chun cuidiú le comhlachtaí poiblí a gcuid oibleagáidí faoin alt seo agus faoi ailt 9B, 9C agus 9D a chomhlíonadh.*sections 9B*, *9C* and *9D*.

(*b*) Beidh aird ag comhlacht poiblí ar na treoirlínte, más ann, a eiseofar faoi *mhír (a)* le linn dó a chuid oibleagáidí faoin alt seo agus faoi *ailt 9B*, *9C* and *9D* a chomhlíonadh.

(*c*) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, treoirlínte a eiseofar faoi *paragraph (a)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

(*d*) Déanfaidh an tAire, i gceann cibé eatramh is cuí leis nó léi, treoirlínte a eiseofar faoi *mhír a* a athmheas agus beidh feidhm ag forálacha an fho-ailt seo maidir le hullmhú, eisiúint agus foilsiú na dtreoirlínte athmheasta sin mar atá feidhm acu maidir leis na treoirlínte a eisíodh i gcéaduair.**]**

F13**[**Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le foirmeacha oifigiúla

9B. —(1) D'fhonn ábhar agus leagan amach foirmeacha oifigiúla de chuid comhlacht poiblí a fhorordú, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé Aire (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire, ag féachaint d'fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí, an comhlacht a fhorordú chun críocha an ailt seo.

(2) Féadfaidh an tAire, le linn comhlacht poiblí a fhorordú faoi *fho-alt (1)*, a fhorordú gur i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh ábhar agus leagan amach foirmeacha oifigiúla an chomhlachta phoiblí agus féadfar forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le comhlachtaí poiblí éagsúla nó le foirmeacha oifigiúla éagsúla.

(3) Le linn ábhar agus leagan amach foirmeacha a fhorordú faoi *fho-alt (2)*, beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas i gcás gur i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh téacs san fhoirm oifigiúil lena mbaineann:

(*a*) an t-ord ina mbeidh an téacs i ngach teanga san fhoirm oifigiúil;

(*b*) feiceálacht, infheictheacht, inléiteacht, méid, cló, cuma fhoriomlán agus stíl téacs teanga amháin san fhoirm oifigiúil i leith théacs na teanga eile;

(*c*) an gá atá ann go gcuirfear an teachtaireacht chéanna in iúl le gach ceann de na teangacha oifigiúla;

(*d*) an modh ar a mbeidh teideal le húsáid roimh ainm duine nó i ndiaidh ainm duine san fhoirm oifigiúil, go háirithe faoi threoir aitheantas a thabhairt do na foirmeacha éagsúla de na teidil sin i ngach teanga;

(*e*) an modh ar a bhféadfar focail ghiorraithe a úsáid i ngach teanga.

Le linn ábhar agus leagan amach foirmeacha a fhorordú faoi *fho-alt (2)*, beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas i gcás gur i nGaeilge amháin a bheidh téacs san fhoirm oifigiúil lena mbaineaneann

(*a*) an modh ar a mbeidh teideal le húsáid roimh ainm duine nó i ndiaidh ainm duine san fhoirm oifigiúil, go háirithe faoi threoir aitheantas a thabhairt do na foirmeacha éagsúla de na teidil sin i ngach teanga;

(*b*) an modh ar a bhféadfar focail ghiorraithe a úsáid i ngach ceann de na teangacha.**]**

F14**[**Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le lógónna

9C. —(1) Cinnteoidh comhlacht poiblí, ar agus ó thosach feidhme alt 4 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, i gcás go mbeidh a lógó á athnuachan nó á athrú aige, gur i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh téacs is cuid den lógó nua nó den lógó athraithe.

(2) I gcás gur i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh téacs dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

(*a*) beidh an chuid den téacs a bheidh i nGaeilge roimh an gcuid den téacs a bheidh i mBéarla,

(*b*) maidir leis an gcuid den téacs a bheidh i nGaeilge, ní bheidh sí i gcló níos lú ná an chuid den téacs a bheidh i mBéarla agus beidh sí chomh feiceálach, chomh hinfheicthe agus chomh hinléite céanna leis an gcuid den téacs a bheidh i mBéarla, agus

(*c*) más rud é go mbeidh cuid den téacs a bheidh i nGaeilge giorraithe, beidh an chuid den téacs a bheidh i mBéarla, arb í an t-aistriúchán ar an téacs giorraithe sin í, giorraithe freisin.

San alt seo agus in *alt 9D*, ciallaíonn "lógó" an lógó a úsáideann comhlacht de ghnáth ar cheannteidil stáiseanóireachta, libhré nó comharthaíocht de chuid an chomhlachta agus lena ngabhann, i gcoitinne, ainm an chomhlachta, agus folaíonn sé lógó aon scéime, cláir, tionscnaimh beartais nó suímh gréasáin arna riaradh ag an gcomhlacht nó dá bhfuil an comhlacht freagrach.

(4) I *bhfo-alt (1)*, folóidh "téacs" aon ghiorrúchán nó acrainm ar ainm, i nGaeilge, an chomhlachta lena mbaineann.**]**

F15**[**Ainmneacha agus lógónna comhlachtaí reachtúla nuabhunaithe

9D. —(1) Maidir le hainm comhlachta reachtúil a bhunófar, ar agus ó thosach feidhme alt 4 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, is i nGaeilge a bheidh sé.

(2) Maidir le téacs is cuid de lógó comhlachta reachtúil a bhunófar, ar agus ó thosach feidhme alt 4 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, is i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh sé.

(3) I gcás gur i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh téacs dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*—

(*a*) beidh an chuid den téacs a bheidh i nGaeilge roimh an gcuid den téacs a bheidh i mBéarla,

(*b*) maidir leis an gcuid den téacs a bheidh i nGaeilge, ní bheidh sí i gcló níos lú ná an chuid den téacs a bheidh i mBéarla agus beidh sí chomh feiceálach, chomh hinfheicthe agus chomh hinléite céanna leis an gcuid den téacs a bheidh i mBéarla, agus

(*c*) más rud é go mbeidh cuid den téacs a bheidh i nGaeilge giorraithe, beidh an chuid den téacs a bheidh i mBéarla, arb í an t-aistriúchán ar an téacs giorraithe sin í, giorraithe freisin.**]**

F16[Seirbhísí pobal-inrochtana

9E. —(1) Déanfaidh comhlacht poiblí gach beart cuí chun a chinntiú, i gcás go soláthraíonn duine seirbhís phobal-inrochtana thar ceann an chomhlachta phoiblí, go ndéanfaidh an duine sin, i leith sholáthar na seirbhíse sin, na nithe seo a leanas a chomhlíonadh—

(*a*) rialacháin faoi *alt 9(1)* a mbeidh feidhm acu maidir leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann,

(*b*) *fo-ailt (2)* agus *(3)* d'*alt 9*, agus

(*c*) cibé caighdeáin de na caighdeáin teanga iomchuí arna bhforordú ag an Aire faoi *alt 19A(2)*, is caighdeáin a mbeidh feidhm acu maidir leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann.

(2) San alt seo, ciallaíonn 'seirbhís phobal-inrochtana' seirbhís arna tairiscint nó arna soláthar ag duine seachas comhlacht poiblí, is cuma i gcomhair luach saothair nó nach ea, don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne thar ceann comhlacht poiblí.**]**

Dualgas comhlachtaí poiblí doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla.

10. —D'ainneoin aon achtacháin eile, déanfaidh comhlacht poiblí (seachas comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bheidh forordaithe de bhun rialachán chun críocha *chlásal (b)* de *mhír 1(5)* den *Chéad Sceideal*) na doiciméid seo a leanas, a dhéanfaidh sé nó a dhéanfar faoina údarás, a fhoilsiú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla:

(*a*) aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí;

(*b*) aon tuarascáil bhliantúil;

(*c*) aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais;

(*d*) aon ráiteas straitéise a cheanglaítear a ullmhú faoi alt 5 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997; agus

(*e*) aon doiciméad de thuairisc nó d'aicme a bheidh forordaithe de thuras na huaire, le toiliú an Aire Airgeadais agus cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas, agus is doiciméad de thuairisc nó d'aicme a bhfuil, i dtuairim an Aire, tábhacht mhór phoiblí ag baint leis.

F17[Fógraíocht ag comhlachtaí poiblí

10A. —(1) Cinnteoidh comhlacht poiblí—

(*a*) gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht in aon bhliain, agus

(*b*) go ndéanfar 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon airgead a chaithfidh an comhlacht ar fhógraíocht in aon bhliain a úsáid chun fógraíocht a chur amach i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge.

(2) San alt seo—

ciallaíonn "fógraíocht"—

(*a*) (a) cumarsáid tráchtála d'aon chineál a bhfuil d'aidhm léi, nó a bhfuil d'éifeacht léi, go díreach nó go neamhdhíreach, táirge nó seirbhís de chuid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann a chur chun cinn, agus

(*b*) cumarsáid d'aon chineál leis an bpobal, i leith na nithe seo a leanas—

(i) foireann a earcú,

(ii) tionscnaimh reachtaíochta nó bheartais,,

(iii) talamh nó sócmhainní a cheannach nó a dhíol,

(iv) seirbhísí a sholáthar, nó

(v) comhchomhairliúchán poiblí;

ciallaíonn "meáin Ghaeilge" aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d'ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge.**]**

Úsáid na dteangacha oifigiúla ag comhlachtaí poiblí.

11. —F18**[**...**]**

An tAire d'fhoilsiú treoirlínte.

12. —F19**[**...**]**

Comhlacht poiblí d'ullmhú dréacht-scéime.

13. —F20**[**...**]**

An tAire do dhaingniú dréacht scéimeanna.

14. —F21**[**...**]**

Athbhreithniú tréimhsiúil ar scéimeanna.

15. —F22**[**...**]**

Scéimeanna a leasú.

16. —F23**[**...**]**

Mainneachtain dréacht-scéim a ullmhú.

17. —F24**[**...**]**

Dualgas scéimeanna a chur i gcrích.

18. —F25**[**...**]**

F26**[**An Coiste Comhairleach a bhunú

18A. —(1) Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a rith, chun bheith ina lá bunaithe (dá ngairtear an 'lá bunaithe' san Acht seo) chun críocha an Achta seo.

(2) An lá bunaithe, beidh coiste arna bhunú ar a dtabharfar an Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge (dá ngairtear 'an Coiste Comhairleach' san Acht seo).

(3) Is é nó is í an tAire a sholáthróidh rúnaíocht agus feidhmeanna feidhmiúcháin an Choiste Chomhairligh agus áireofar leo, ar iarraidh a fháil ó chomhalta den Choiste Comhairleach nó de réir mar is cuí leis an Aire, saoráidí chun ateangaireacht chomhuaineach nó chomhleanúnach ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile a dhéanamh ar imeachtaí de chuid an choiste.

(4) Déanfar ordú faoi *fho-alt (1)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.**]**

F27[Comhaltas an Choiste Chomhairligh

18B. —(1) Is iad a bheidh ar an gCoiste Comhairleach na comhaltaí seo a leanas—

(*a*) Cathaoirleach, agus

(*b*) líon gnáthchomhaltaí nach lú ná 5 ná nach mó ná 10,

agus is é nó is í an tAire a cheapfaidh gach duine acu.

(2) Déanfaidh an tAire aon chomhalta amháin den Choiste Comhairleach a shainainmniú mar Chathaoirleach, agus is duine atá inniúil i nGaeilge an duine arna shainainmniú nó arna sainainmniú amhlaidh..

(3) Áireofar ar ghnáthchomhaltaí an Choiste Chomhairligh—

(*a*) aon chomhalta amháin a bheidh ainmnithe ag an Aire mar ionadaí don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta,

(*b*) aon chomhalta amháin a bheidh ainmnithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar ionadaí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,

(*c*) aon chomhalta amháin a bheidh ainmnithe ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar ionadaí don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí,

(*d*) 6 chomhalta eile ar a mhéid a bheidh ainmnithe ag comhlachtaí poiblí mar ionadaithe do na comhlachtaí poiblí sin is cuí leis an Aire,

(*e*) aon chomhalta amháin a bheidh inniúil i nGaeilge agus a bheidh ainmnithe ag an Aire, tar éis próiseas arna bhunú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, mar ionadaí do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, agus

(*f*) aon chomhalta amháin a bheidh inniúil i nGaeilge agus a bheidh ainmnithe ag an Aire, tar éis próiseas arna bhunú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, mar ionadaí do limistéir den Stát nach Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

(4) Beidh comhalta den Choiste Comhairleach faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, agus íocfar leis nó léi cibé liúntais i leith caiteachas, a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(5) Más rud é go bhfuil an Cathaoirleach neamhábalta ar chúis ar bith gníomhú mar Chathaoirleach, féadfaidh an tAire comhalta eile den Choiste Comhairleach a shainainmniú chun gníomhú mar Chathaoirleach.

(6) Sealbhóidh comhalta den Choiste Comhairleach oifig ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 6 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a chinnfidh an tAire.

(7) Faoi réir *fho-alt (8)*, beidh comhalta den Choiste Comhairleach a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha chun an Choiste Chomhairligh.

(8) Aon chomhalta den Choiste Comhairleach a mbeidh fónta aige nó aici ar feadh 2 théarma oifige as a chéile, ní bheidh sé nó sí in-athcheaptha chun an Choiste Chomhairligh go dtí go mbeidh tréimhse 6 bliana caite tar éis dheireadh an dara téarma as a chéile.

(9) Féadfaidh comhalta den Choiste Comhairleach éirí as an gCoiste Comhairleach trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire, agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a bheidh sonraithe sa litir, nó ar an dáta ar a bhfaighidh an tAire an litir, cibé acu is déanaí.

(10) Féadfaidh an tAire, aon tráth, comhalta den Choiste Comhairleach a chur as comhaltas den Choiste Comhairleach más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil an comhalta tar éis éirí éagu-

masach, de dheasca easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó gur dealraitheach don Aire gur gá é nó í a chur as comhaltas chun go gcomhlíonfaidh an Coiste Comhairleach a fheidhmeanna go héifeachtach.

(11) Scoirfidh comhalta den Choiste Comhairleach de bheith, agus beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Comhairleach más rud é, maidir leis an gcomhalta sin—

(*a*) ar é nó í a chiontú ar díotáil ag cúirt dlínse inniúla, go ngearrfar téarma príosúnachta air nó uirthi, nó

(*b*) go bhfuil sé nó sí, nó go measfar é nó í a bheith, faoi réir ordú dícháilíochta, de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, cibé acu de bhua na Caibidle sin nó de bhua aon fhoráil eile den Acht sin.

(12) Is é nó is í an tAire a chinnfidh nósanna imeachta an Choiste Chomhairligh.**]**

F28**[**Feidhmeanna an Choiste Chomhairligh

18C. —(1) Déanfaidh an Coiste Comhairleach—

(*a*) a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis an lae bunaithe, Plean Náisiúnta (dá ngairtear an 'Plean Náisiúnta' san Acht seo), maidir le soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge ar feadh tréimhse a bheidh sonraithe sa Phlean Náisiúnta (is tréimhse nach faide ná 6 bliana), a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(i) seirbhísí a shainaithint is seirbhísí a sholáthraíonn comhlacht poiblí nó aicme comhlachtaí poiblí agus nach soláthraítear trí mheán na Gaeilge agus ar i ndáil leo atá an Coiste Comhairleach den tuairim gur chóir caighdeán teanga a fhorordú faoi alt *alt 19A(2)*, agus

(ii) straitéisí a shonrú, ar feadh na tréimhse lena mbaineann an Plean Náisiúnta, is straitéisí a fhéadfaidh comhlachtaí poiblí a úsáid (lena n-áirítear an chaoi a mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní atá ar fáil do na comhlachtaí) ionas go bhféadfar seirbhísí de chuid na gcomhlachtaí poiblí lena mbaineann nach soláthraítear trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh,

(*b*) comhairle a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir leis an gcaoi a bhféadfar seirbhísí nach soláthraíonn na comhlachtaí trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh, lena n-áirítear an méid seo a leanas—

(i) comhairle maidir leis an líon foirne agus leis an ngrád foirne atá inniúil i nGaeilge a mbeadh gá ag an gcomhlacht leo chun na seirbhísí sin a sholáthar trí mheán na Gaeilge,

(ii) ag féachaint don chuspóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)*, moltaí maidir leis an gcaoi a méadófar an líon foirne atá inniúil i nGaeilge, agus

(iii) comhairle maidir leis an leibhéal inniúlachta, ag féachaint don chóras caighdeán ar a dtugtar an Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha, is gá a bheith ag duine chun go soláthróidh sé nó sí na seirbhísí sin trí mheán na Gaeilge,

(*c*) cibé taighde a sheoladh, nó a choimisiúnú go seolfar cibé taighde, is cuí leis an gCoiste Comhairleach d'fhonn a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi *mhíreanna (a)* agus *(b)*, agus

(*d*) gach 5 bliana tar éis an lae bunaithe, suirbhé ar an leibhéal inniúlachta i nGaeilge atá ag foireann comhlachtaí poiblí a sheoladh agus a chur faoi bhráid an Aire, agus áireofar na nithe seo a leanas i suirbhé den sórt sin:

(i) an líon iomlán foirne de chuid comhlachtaí poiblí atá inniúil i nGaeilge;

(ii) an líon iomlán foirne de chuid comhlachtaí poiblí a bhfuil cúrsa oiliúna Gaeilge déanta acu;;

(iii) an líon iomlán foirne de chuid comhlachtaí poiblí a labhraíonn an Ghaeilge san ionad oibre, cibé acu le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhall nó ar shlí eile, agus a mhinice a labhraíonn siad an Ghaeilge.

(2) Ullmhóidh an Coiste Comhairleach gach Plean Náisiúnta dá éis sin tráth nach luaithe ná 6 mhí, agus nach déanaí ná 3 mhí, roimh dheireadh na tréimhse a bheidh sonraithe sa Phlean Náisiúnta agus beidh feidhm ag *alt 18D* , fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil le gach Plean Náisiúnta dá éis sin amhail is dá mba thagairt do Phlean Náisiúnta dá éis sin aon tagairt don Phlean Náisiúnta san alt sin.

(3) Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo, beidh aird ag an gCoiste Comhairleach ar na cuspóirí seo a leanas—

(*a*) na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí trí mheán na Gaeilge a mhéadú, ag féachaint go háirithe do sheirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge, agus

(*b*) an líon foirne de chuid comhlachtaí poiblí atá inniúil i nGaeilge a mhéadú ionas go mbeidh, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2030, 20 faoin gcéad ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil amhlaidh.

(4) Beidh ag an gCoiste Comhairleach na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.**]**

F29**[**Dualgas an Aire i leith Plean Náisiúnta arna ullmhú faoi *alt 18C*

18D. —(1) Déanfaidh an tAire——

(*a*) laistigh de 3 mhí ón bPlean Náisiúnta a fháil faoi *alt 18C(1)(a)*—

(i) an Plean Náisiúnta a cheadú gan mhodhnú nó fara cibé modhnuithe is cuí leis nó léi,

(ii) an dáta ar ar chóir don Phlean Náisiúnta teacht i ngníomh a shonrú, agus

(iii) an Plean Náisiúnta a chur faoi bhráid an Rialtais, agus

(*b*) a luaithe is féidir ina dhiaidh sin—

(i) a chur faoi deara cóipeanna den Phlean Náisiúnta a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus

(ii) pcóip den Phlean Náisiúnta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

(2) Féadfaidh an tAire, de réir mar is cuí leis nó léi, a iarraidh ar chomhlacht poiblí, a mbeidh seirbhísí sainaitheanta ina leith sa Phlean Náisiúnta mar sheirbhísí a sholáthraíonn an comhlacht lena mbaineann nach bhfuil á soláthar trí mheán na Gaeilge, tuarascáil a thabhairt don Aire i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta ag an gcomhlacht chun na seirbhísí a sholáthar amhlaidh agus chun an Plean a chur i ngníomh, agus is é nó is í an tAire a bheidh freagrach as comhordú a dhéanamh ar chur i ngníomh an Phlean ag na comhlachtaí poiblí sin go léir.**]**

F30**[**Comhlachtaí poiblí i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta

18E. —Déanfaidh an tAire, le hordú, laistigh de 3 mhí ón tráth a dhéanfar an Plean Náisiúnta a chur faoi bhráid an Rialtais faoi *alt 18D(1)(a)(iii)*agus aird aige nó aici ar an bPlean Náisiúnta—

(*a*) an dáta a shonrú faoina dtiocfaidh an Ghaeilge chun bheith ina teanga oibre in oifigí, i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, comhlachta phoiblí nó aicme comhlachtaí poiblí agus féadfar dátaí éagsúla a shonrú i leith Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta éagsúla, agus

(*b*) an dáta a shonrú faoina ndéanfar na seirbhísí go léir arna soláthar ag comhlacht poiblí nó ag aicme comhlachtaí poiblí i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta (lena n-áirítear seirbhísí den sórt sin arna soláthar ag comhlacht poiblí nó ag aicme comhlachtaí poiblí ó áit lasmuigh den Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta) a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus féadfar dátaí éagsúla a shonrú i leith Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta éagsúla.**]**

F31**[**Tuarascáil an Choiste Chomhairligh

18F. —(1) Déanfaidh an Coiste Comhairleach, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil ar dhul chun cinn a sholáthar don Aire agus don Choimisinéir maidir lena chuid oibre le linn na bliana roimhe sin nó, i gcás na chéad tuarascála ar dhul chun cinn uaidh, maidir lena chuid oibre ón lá bunaithe suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain ina dhiaidh sin agus an lá sin san áireamh.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an Coiste Comhairleach, ó am go ham, cibé faisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna a mheasfaidh sé is cuí a thabhairt don Aire agus tabharfaidh sé don Aire aon fhaisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna a iarrfaidh an tAire.

(3) Déanfaidh an Coimisinéir, laistigh de 6 mhí ón tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*a fháil, tráchtaireacht ar an tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(4) Déanfaidh an tAire, laistigh de 3 mhí ón tráchtaireacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*a fháil, an tráchtaireacht agus an tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur faoi bhráid an Rialtais agus, a luaithe is féidir ina dhiaidh sin—

(a) a chur faoi deara cóipeanna den tuarascáil agus den tráchtaireacht a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus

(b) cóipeanna den tuarascáil agus den tráchtaireacht a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.**]**

Toirmeasc ar chomhlachtaí poiblí d'fhorchur muirear.

19. —Ní dhéanfaidh comhlacht poiblí aon mhuirear a fhorchur ar aon duine de bhua aon cheanglais a fhorchuirtear ar an gcomhlacht sin leis an Acht seo.

F32**[**Caighdeáin teanga

19A. —(1) D'fhonn caighdeáin teanga a fhorordú, is caighdeáin teanga a mbeidh feidhm acu maidir le comhlacht poiblí nó maidir le haicme comhlachtaí poiblí chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa Stát, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire den Rialtas a bhfuil feidhmeanna dílsithe dó nó di i ndáil leis an gcomhlacht nó le gach ceann de na comhlachtaí san

aicme comhlachtaí poiblí, an comhlacht poiblí nó an aicme comhlachtaí poiblí a fhorordú chun críocha an ailt seo.

(2) Féadfaidh an tAire caighdeáin teanga a fhorordú, is caighdeáin teanga a mbeidh feidhm acu maidir le comhlacht poiblí nó maidir le haicme comhlachtaí poiblí a fhorordófar faoi *fho-alt (1)*, agus féadfaidh feidhm a bheith ag caighdeáin éagsúla maidir le comhlachtaí poiblí éagsúla nó maidir le haicmí éagsúla comhlachtaí poiblí.

(3) Maidir le caighdeáin teanga a fhorordófar faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh caighdeáin a bheith ar áireamh iontu lena sonrófar an méid seo a leanas—

(*a*) seirbhísí a bheidh le soláthar, trí mheán na Gaeilge, ag an gcomhlacht poiblí nó ag an aicme comhlachtaí poiblí lena mbaineann,

(*b*) seirbhísí a bheidh le soláthar, trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon, ag an gcomhlacht poiblí nó ag an aicme comhlachtaí poiblí lena mbaineann,

(*c*) an leibhéal inniúlachta i nGaeilge is gá a bheith ag foireann de chuid an chomhlachta phoiblí nó de chuid na haicme comhlachtaí poiblí lena mbaineann chun an méid seo a leanas a dhéanamh—

(i) a chumasú don chomhlacht poiblí nó don aicme comhlachtaí poiblí *míreanna (a)* agus *(b)*a chomhlíonadh, agus

(ii) a chumasú d'fhoireann de chuid gach ceann de na comhlachtaí poiblí lena mbaineann cumarsáid a dhéanamh, laistigh den chomhlacht sin, le foireann eile de chuid an chomhlachta—

(I) trí mheán na Gaeilge, nó

(II) trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon,

agus

(*d*) i gcás go bhfuil seirbhís, clár nó beartas á seachadadh nó á sheachadadh nó á cur i ngníomh nó á chur i ngníomh ag comhlacht poiblí nó ag aicme comhlachtaí poiblí, nó go mbeartaíonn comhlacht poiblí nó aicme comhlachtaí poiblí seirbhís, clár nó beartas a sheachadadh nó a chur i ngníomh, i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, i mBaile Seirbhíse Gaeltachta nó i Líonra Gaeilge, a mhéid a chuirfear i gcuntas an tionchar teanga ar an Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, ar an mBaile Seirbhíse Gaeltachta nó ar an Líonra Gaeilge lena mbaineann maidir le seachadadh nó cur i ngníomh na seirbhíse, an chláir nó an bheartais sin.

(4) Le linn dó nó di caighdeáin teanga a fhorordú faoi *fho-alt (2)* , beidh aird ag an Aire ar an méid seo a leanas—

(*a*) na seirbhísí a sholáthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge,

(*b*) aon scéim a bheidh i bhfeidhm i leith an chomhlachta faoi *alt 14*,

(*c*) aon chaighdeán teanga a fhorordófar faoin alt seo, is caighdeán teanga a mbeidh feidhm aige maidir leis an gcomhlacht,

(*d*) a mhéid a idirghníomhaíonn an comhlacht poiblí nó an aicme comhlachtaí poiblí lena mbaineann leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne,

(*e*) a mhéid a fhéadfaidh seirbhís, clár nó beartas arna seachadadh nó arna sheachadadh nó arna cur i ngníomh nó arna chur i ngníomh, nó a bheidh le seachadadh nó le cur i ngníomh, ag comhlacht poiblí nó ag aicme comhlachtaí poiblí difear a dhéanamh don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, i mBaile Seirbhíse Gaeltachta nó i Líonra Gaeilge, agus aird ar leith ar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta,

(*f*) aon bharúlacha a gheobhaidh sé nó sí faoi *fho-alt (6)(c)* nó *(d)*, agus

(*g*) seirbhísí a shainaithneofar sa Phlean Náisiúnta.

(5) Cinnteoidh an tAire, le linn dó nó di caighdeáin teanga a fhorordú faoi *fho-alt (2)*, nach mbeidh d'éifeacht le caighdeán a bheidh le forordú a cheangal ar an gcomhlacht poiblí lena mbaineann líon níos lú seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge ná an líon arna sholáthar ag an gcomhlacht (de dheoin an chomhlachta féin, de bhun scéim a bheidh i bhfeidhm i leith an chomhlachta faoi *alt 14* nó de bhun caighdeán teanga arna fhorordú faoin alt seo) roimh an gcaighdeán a fhorordú.

(6) Sula ndéanfaidh an tAire caighdeáin teanga a fhorordú faoi *fho-alt (2)*—

(*a*) rachaidh sé nó sí i gcomhairle—

(i) le cibé Aire eile den Rialtas is cuí leis an Aire, ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin, agus

(ii) le cibé comhlacht poiblí is cuí leis an Aire,

(*b*) lorgóidh sé nó sí comhairle an Choiste Chomhairligh,

(*c*) déanfaidh sé nó sí dréacht de na caighdeáin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus 3 mhí, ón dáta foilsithe, a thabhairt don phobal i gcoitinne chun barúlacha, i scríbhinn, a sholáthar don Aire ar na dréachtchaighdeáin, agus

(*d*) rachaidh sé nó sí i dteagmháil le gach comhlacht poiblí a mbeidh feidhm ag caighdeán maidir leis lena chur in iúl go bhféadfaidh an comhlacht, laistigh de 3 mhí ó dháta foilsithe na ndréachtchaighdeán faoi *mhír (c)*, a bharúlacha ar na dréachtchaighdeáin a sholáthar don Aire.

(7) Féadfaidh an tAire, i gcás gur cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)(c)* nó *(d)* a fhadú.

(8) Déanfaidh an tAire cóip de chaighdeáin teanga a fhorordófar faoi *fho-alt (2)* a chur ar aghaidh chuig an gCoimisinéir.

(9) (*a*) Déanfaidh an tAire, ó am go ham ach uair amháin ar a laghad gach 5 bliana, athbhreithniú ar chaighdeáin teanga a fhorordófar faoi *fho-alt (2)*.

(*b*) Le linn dó nó di an t-athbhreithniú dá dtagraítear i *mír (a)*, lorgóidh an tAire comhairle an Choiste Chomhairligh.

(10) D'ainneoin an ailt seo, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a ordú do chomhlacht poiblí, i ndáil leis na seirbhísí sin dá chuid a sheachadtar trí mheán an Bhéarla amháin, plean a tharraingt suas chun na seirbhísí sin a sheachadadh trí mheán na Gaeilge freisin, mar aon le meastachán a thabhairt ar an tréimhse ama is gá chun an plean a chur i ngníomh.**]**

F27**[**Dualgas caighdeáin teanga a chomhlíonadh

19B.—(1) I gcás go mbeidh caighdeán teanga forordaithe, faoi *alt 19A(2)*, ag an Aire, is caighdeán teanga a mbeidh feidhm aige maidir le comhlacht poiblí, déanfaidh an comhlacht, mura mbeidh maolú deonaithe agus go dtí go mbeidh maolú deonaithe i leith an chaighdeáin nó i leith cuid den chaighdeán, an caighdeán, nó cuid den chaighdeán, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh.

(2) Ní fhorléireofar aon ní i gcaighdeán teanga a fhorordófar faoi *alt 19A(2)*, is caighdeán teanga a mbeidh feidhm aige maidir le comhlacht poiblí, mar ní a thoirmisceann ar chomhlacht poiblí bearta breise a chur i ngníomh chun stádas na Gaeilge a chur chun cinn laistigh dá eagraíocht.**]**

F33**[**Maolú ar chaighdeáin teanga

19C. —(1) Laistigh de 3 mhí tar éis caighdeán teanga a fhorordú, is caighdeán teanga a mbeidh feidhm aige maidir leis an gcomhlacht faoi *alt 19A(2)*, féadfaidh comhlacht poiblí iarratas a dhéanamh, i scríbhinn, chuig an Aire chun maolú a lorg ar an gcaighdeán nó ar chuid den chaighdeán.

(2) Beidh na nithe seo a leanas in iarratas faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) ráiteas ina leagfar amach na cúiseanna go measann an comhlacht nach mbeidh sé in ann an caighdeán teanga, nó cuid den chaighdeán, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh mar gheall ar na nithe seo a leanas—

(i) gan dóthain foirne de chuid an chomhlachta, ag a mbeidh an leibhéal inniúlachta is gá i nGaeilge, a bheith ar fáil, go háirithe i suíomhanna geografacha iargúlta,

(ii) mainneachtain ag an gcomhlacht, d'ainneoin iarrachtaí réasúnacha agus sásúla, foireann ag a mbeidh an leibhéal inniúlachta is gá i nGaeilge a earcú, nó

(iii) neamh-chomhoiriúnacht na gcóras láithreach teicneolaíochta faisnéise nó na gcóras láithreach eile atá ag an gcomhlacht i ndáil leis an gcomhlacht do chomhlíonadh an chaighdeáin bheartaithe, mar gheall ar chumraíocht láithreach na gcóras sin,

(*b*) plean lena dtabharfar sracléiriú ar an ngníomh a dhéanfaidh an comhlacht—

(i) chun aon éifeachtaí dochracha ar an bpobal i gcoitinne nó ar aicme den phobal i gcoitinne a laghdú, a mhéid is féidir, de réir mar is cuí, de thoradh an maolú a dheonú, agus

(ii) chun a chumasú dó an caighdeán beartaithe a chomhlíonadh ar dháta sonraithe sa todhchaí,

agus

(*c*) aon fhaisnéis eile a mheasann an comhlacht is iomchuí maidir leis an iarratas.

(3) Le linn dó nó di breithniú a dhéanamh i dtaobh maolú a dheonú faoin alt seo, beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas—

(*a*) an ráiteas, an plean agus aon fhaisnéis eile a chuirfear faoi bhráid an Aire faoi *fho-alt (2)*, agus

(*b*) aon ní eile a mheasann an tAire is iomchuí.

(4) Le linn dó nó di breithniú a dhéanamh i dtaobh maolú a dheonú faoin alt seo, féadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann nó le cibé duine eile is cuí leis an Aire.

(5) Faoi réir *fho-alt (6)*, déanfaidh an tAire, laistigh de 3 mhí ón iarratas dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*a fháil, nó cibé tréimhse bhreise nach faide ná 6 mhí, maolú ar an gcaighdeán teanga lena mbaineann, nó ar chuid den chaighdeán lena mbaineann, a dheonú nó diúltú an céanna a dheonú.

(6) Ní dhéanfaidh an tAire maolú a dheonú faoin alt seo i gcás go mbeadh d'éifeacht leis, dá ndéanfaí amhlaidh, a cheangal ar an gcomhlacht poiblí lena mbaineann líon níos lú seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge ná an líon arna sholáthar ag an gcomhlacht (de dheoin an chomhlachta féin, de bhun scéim a bheidh i bhfeidhm faoi *alt 14* nó de bhun caighdeán teanga arna fhorordú faoi *alt 19A*) roimh an gcaighdeán, ar ina leith a bheidh an t-iarratas faoi *fho-alt (1)* déanta, a fhorordú.

(7) (*a*) Féadfaidh an tAire cibé coinníollacha is cuí, i dtuairim an Aire, a chur ag gabháil le maolú a dheonófar faoin alt seo.

(*b*) Faoi réir *fho-alt (8)*, féadfaidh an tAire tréimhse a shonrú, is tréimhse nach faide ná 3 bliana, ar i ndáil léi a bheidh feidhm ag maolú, agus ar ina diaidh a bheidh feidhm ag an gcaighdeán teanga nó ag an gcuid den chaighdeán, ar ina leith a bheidh an maolú deonaithe, maidir leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann.

(8) Féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, an tréimhse, ar ar a feadh a bheidh feidhm ag maolú a dheonófar faoin alt seo, a fhadú ar feadh tréimhse bhreise nach faide ná 2 bhliain.

(9) Aon chomhlacht poiblí a mbeidh maolú deonaithe dó, tabharfaidh sé tuarascáil don Aire laistigh de 12 mhí ón maolú a dheonú nó cibé tréimhse is giorra ná sin a shonróidh an tAire i gcoinníoll a bheidh ag gabháil leis an maolú, agus tráth nach déanaí ná deireadh gach tréimhse 12 mhí ina dhiaidh sin go dtí go rachaidh an maolú in éag, chun sracléiriú a thabhairt ar an ngníomh a bheidh déanta ag an gcomhlacht le linn na tréimhse sin ionas go bhféadfaidh an comhlacht an caighdeán teanga beartaithe a chomhlíonadh faoi dháta sonraithe sa todhchaí.**]**

F34**[**Treoirlínte i leith caighdeáin teanga

19D. —(1) Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint chun treoir phraiticiúil a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir leis na comhlachtaí sin do chomhlíonadh caighdeáin teanga a fhorordófar faoi *alt 19A(2)*.

(2) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, aon treoirlínte a eiseofar faoi *fho-alt (1)* a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.**]**

CUID 4

An Coimisinéir Teanga

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla a bhunú.

20. —(1) Bunaítear oifig ar a dtabharfar Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla agus tabharfar An Coimisinéir Teanga ar shealbhóir na hoifige agus gairtear an Coimisinéir de nó di san Acht seo.

(2) Beidh an Coimisinéir neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

(3) Is é nó is í an tUachtarán a dhéanfaidh duine a cheapadh mar Choimisinéir, ar chomhairle an Rialtais tar éis do Dháil éireann agus do Sheanad éireann rún a rith ag moladh an duine a cheapadh.

(4) Beidh éifeacht le forálacha an *Dara Sceideal* i ndáil leis an gCoimisinéir.

Feidhmeanna an Choimisinéara.

21. —Is iad feidhmeanna an Choimisinéara, i dteannta aon fheidhmeanna a thugtar dó nó di le haon fhoráil eile den Acht seo—

(*a*) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta seo ag comhlachtaí poiblí,

F35**[**(*aa*) faireachán a dhéanamh, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, ar chomhlíonadh aon achtacháin eile ag comhlachtaí poiblí, is achtachán a bhaineann le stádas nó úsáid teanga oifigiúla,**]**

(*b*) gach beart riachtanach atá faoi réim a údaráis nó a húdaráis a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí forálacha an Achta seo,

(*c*) imscrúduithe a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, maidir le haon mhainneachtain ag comhlacht poiblí forálacha an Achta seo a chomhlíonadh, ar mainneachtain í ar dóigh leis nó léi nó, de réir mar is cuí, leis an Aire, gur féidir gur tharla sí,

(*d*) comhairle nó cúnamh eile a sholáthar, de réir mar is cuí leis nó léi, don phobal maidir lena gcearta faoin Acht seo,

(*e*) comhairle nó cúnamh eile a sholáthar, de réir mar is cuí leis nó léi, do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht seo, agus

(*f*) imscrúdú a dhéanamh, cibé acu ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, ar iarraidh ón Aire nó de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine, chun a fháil amach an amhlaidh nach raibh nó nach bhfuil aon fhoráil d'aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúla á comhlíonadh.

Cumhachtaí an Choimisinéara.

22. —(1) (*a*) Chun críche a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo, féadfaidh an Coimisinéir a cheangal ar aon duine a bhfuil, i dtuairim an Choimisinéara, faisnéis aige nó aici, nó a bhfuil cumhacht nó rialú aige nó aici ar thaifead nó ar rud, a bhaineann leis na críocha réamhráite, aon fhaisnéis, taifead nó rud den sórt sin a thabhairt don Choimisinéir agus, más cuí, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine freastal os a chomhair nó os a comhair chun na críche sin, agus comhlíonfaidh an duine an ceanglas.

(*b*) Níl feidhm ag *mír (a)* den fho-alt seo maidir le faisnéis nó le cibé méid de thaifead a bhaineann le cinntí agus le himeachtaí de chuid an Rialtais nó de chuid aon choiste de chuid an Rialtais agus chun críocha na míre seo is deimhniú críochnaitheach deimhniú a thabharfaidh Ard-Rúnaí an Rialtais á dheimhniú go bhfuil aon fhaisnéis nó taifead nó cuid de thaifead bainteach amhlaidh.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, ní chuirfidh aon achtachán nó riail dlí lena dtoirmisctear nó lena sriantar faisnéis a nochtadh nó a chur in iúl cosc ar dhuine aon fhaisnéis nó taifead den sórt sin, mar a dúradh, a thabhairt don Choimisinéir.

(3) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, beidh duine a mbeidh ceanglas dírithe chuige nó chuici faoin alt seo i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna a mbeadh sé nó sí ina dteideal dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.

(4) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh ceanglas faoin alt seo a chomhlíonadh nó a chuirfidh treampán nó bac ar an gCoimisinéir le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €2,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) I gcás cion faoi *fho-alt (4)* a bheith déanta ag comhlacht cor praithe agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gur éascaíodh é a dhéanamh le haon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid an chomhlachta, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an t-oifigeach nó an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht sin, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(6) Féadfaidh an Coimisinéir imeachtaí i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(7) Féadfaidh an Coimisinéir, más cuí leis nó léi, íocaíochtaí mar a leanas a íoc le haon duine a dhéanfaidh, chun na gcríoch réamhráite, freastal os comhair an Choimisinéara nó faisnéis nó taifead nó rud eile a thabhairt dó nó di—

(*a*) suimeanna i leith caiteachas taistil agus cothaithe a thabhaigh an duine go cuí, agus

(*b*) liúntais mar chúiteamh as a chuid nó a cuid ama a chaill eadh,

ina mbeidh cibé méid a chinnfidh an tAire.

(8) Ní bheidh ráiteas nó admháil ó dhuine chun na gcríoch réamhráite inghlactha mar fhianaise i gcoinne an duine sin in aon imeachtaí coiriúla.

(9) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo aon cheart a thabhairt chun aon taifead nó rud atá faoi réir pribhléide dlíthiúla a thabhairt ar aird nó chun rochtain a fháil ar an gcéanna.

Imscrúduithe a sheoladh.

23. —(1) Is ar shlí seachas go poiblí a sheolfar imscrúdú a dhéanfaidh an Coimisinéir faoin Acht seo.

(2) I gcás ina mbeartaíonn an Coimisinéir imscrúdú a dhéanamh faoin Acht seo déanfaidh sé nó sí —

(*a*) fógra i scríbhinn a thabhairt—

(i) don chomhlacht poiblí lena mbaineann,

(ii) i gcás gearán a bheith déanta leis an gCoimisinéir, don duine a rinne an gearán, agus

(iii) don Aire,

ina thaobh sin, agus

(*b*) deis a thabhairt—

(i) don chomhlacht poiblí lena mbaineann, agus

(ii) d'aon duine eile ar dealraitheach nó, i gcás gearán a bheith déanta leis an gCoimisinéir, d'aon duine eile a líomhnaítear, go raibh sé nó sí freagrach as an ní a ndearnadh gearán faoi,

trácht ar an ní agus, má rinneadh gearán leis an gCoimisinéir i ndáil leis an ní, ar aon líomhaintí a bhí sa ghearán.

(3) Féadfaidh an Coimisinéir—

(*a*) diúltú gearán a imscrúdú faoin Acht seo, nó

(*b*) scor d'imscrúdú faoin Acht seo i dtaobh gearáin den sórt sin,

má thagann sé nó sí ar an tuairim—

(i) go bhfuil an gearán fánach nó cráiteach,

(ii) nach ndearna an duine a rinne an gearán bearta réasúnacha chun sásamh a lorg i leith ábhar an ghea ráin nó, má rinne, nár diúltaíodh sásamh dó nó di,

(iii) nach mbaineann an gearán ach amháin le ní a bhfuil cumhacht ag an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ina leith de bhun alt 4(2)(*a*) den Acht Ombudsman 1980, nó

(iv) nach bhfuil aon sárú ar fhorálacha an Achta seo nó aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó úsáid teanga oifigiúla i gceist sa ní a ndearnadh gearán faoi.

(4) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is é an nós imeachta le himscrúdú a sheoladh cibé nós imeachta is cuí leis an gCoimisinéir in imthosca uile an cháis.

(5) Féadfaidh an Coimisinéir a chinneadh an bhféadfaidh abhcóide nó aturnae, nó an féidir ar shlí eile, ionadaíocht a dhéanamh d'aon duine in imscrúdú a dhéanfaidh an Coimisinéir faoin Acht seo.

Eisiamh.

24. —Ní imscrúdóidh an Coimisinéir aon ghearán a dhéanfaidh duine nó a dhéanfar thar ceann duine más gearán é a mbeidh imeachtaí dlíthiúla sibhialta tionscanta i ndáil leis in aon chúirt ag an duine a ndéanann an ní a ndearnadh gearán faoi difear dó nó di agus nach mbeidh na himeachtaí dífe de bharr gan cúis chaingne nó gearán is inbhreithnithe ag an gcúirt sin a nochtadh, cibé acu a bheidh na himeachtaí sin tugtha chun críche thairis sin nó nach mbeidh:

Ar choinníoll go bhféadfaidh an Coimisinéir an ní a imscrúdú d'ain neoin gur ní é lena mbaineann an t-alt seo más dealraitheach don Choimisinéir gur cuí déanamh amhlaidh de bharr imthosca speisialta.

Faisnéis a nochtadh.

25. —Ní dhéanfar faisnéis nó taifead nó rud a gheobhaidh an Coim isinéir nó a gheobhaidh oifigigh an Choimisinéara i gcúrsa fheidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna aige nó aici faoin Acht seo a nochtadh ach amháin chun críocha an fheidhmithe sin agus chun críocha aon ráitis, tuarascála nó fógra atá le tabhairt faoin Acht seo agus ní iarrfar ar an gCoimisinéir nó ar oifigigh an Choimisinéara fianaise a thabhairt in aon imeachtaí maidir le nithe a thiocfaidh ar a umhail nó ar a humhail nó ar a n-umhail i gcúrsa an fheidhmithe sin.

Tuarascáil ar fhionnachtana.

26. —(1) In aon chás ina ndéanfar gearán leis an gCoimisinéir agus ina gcinnfidh an Coimisinéir gan imscrúdú a dhéanamh faoin Acht seo nó scor d'imscrúdú den sórt sin, déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn maidir leis na cúiseanna atá aige nó aici leis an gcinneadh a chur chuig an duine a rinne an gearán agus chuig an gcomhlacht poiblí lena mbaineann agus déanfaidh sé nó

sí cibé ráiteas i scríbhinn is cuí leis nó léi i ndáil leis an ní a chur chuig cibé duine eile is cuí leis nó léi.

(2) In aon chás ina seolfaidh an Coimisinéir imscrúdú faoin Acht seo, déanfaidh sé nó sí tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoina mbráid seo a leanas—

(*a*) an comhlacht poiblí lena mbaineann,

(*b*) an tAire, agus

(*c*) i gcás ina ndéanfar gearán leis an gCoimisinéir, an gearánach,

maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadfaidh sé nó sí aon mholtaí is cuí leis nó léi, ag féachaint don imscrúdú, a áireamh sa tuarascáil.

(3) Gan dochar *d'fho-alt (2)*, féadfaidh an Coimisinéir tuarascáil eatramhach a eisiúint más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh.

(4) Féadfaidh an Coimisinéir a iarraidh ar chomhlacht poiblí aon tuairimí a bheidh aige maidir le haon fhionnachtana nó moltaí atá ar áireamh i dtuarascáil faoin alt seo a chur faoina bhráid nó faoina bráid laistigh de thréimhse ama shonraithe.

(5) Más rud é, laistigh de thréimhse ama réasúnach tar éis tuarascáil a bhfuil moltaí inti a chur faoi bhráid comhlachta phoiblí faoi *fho-alt (2)*, nach mbeidh, i dtuairim an Choimisinéara, aon chuid de na moltaí atá sa tuarascáil curtha i ngníomh ag an gcomhlacht sin, féadfaidh an Coimisinéir, tar éis aon fhreagraí a bhreithniú a bheidh tugtha ag an gcomhlacht poiblí dó nó di i leith na moltaí sin, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas maidir leis an gcéanna.

(6) Cuirfidh an Coimisinéir ag gabháil le gach tuarascáil faoi *fho alt (5)* cóip de gach freagra (más ann) a bheidh tugtha ag comhlacht poiblí nó thar a cheann ar na moltaí sin.

Scéimeanna cúitimh.

27. —(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim cúitimh a dhéanamh lena bhforálfar go n-íocfaidh comhlacht poiblí le cibé daoine cibé suimeanna a bheidh sonraithe sa scéim, i leith aon mhainneachtana, a bheidh sonraithe i dtuarascáil ón gCoimisinéir faoi *alt 26* , ag an gcomhlacht (seachas comhlacht poiblí a bheidh forordaithe chun críocha *mhír 1(5)* den *Chéad Sceideal*) forálacha an Achta seo a chomhlíonadh.

(2) D'ainneoin *mhir (f) d'alt 21*, ní fhéadfar a fhoráil le scéim faoi *fho-alt (1)* go n-íocfar airgead i leith aon mhainneachtana ag comhlacht poiblí aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó úsáid teanga oifigiúla a chomhlíonadh.

(3) Féadfar scéim faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm nó a athrú le scéim ina dhiaidh sin arna déanamh faoin bhfo-alt sin.

Achomhairc chuig an Ard-Chúirt.

28. —(1) Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.

(2) Déanfar achomharc faoi *fho-alt (1)* a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.

(3) (*a*) I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht

poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.

(*b*) Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.

(4) Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi *fho alt (1)*, sonrófar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.

An Coimisinéir d'fhoilsiú tráchtaireachtaí maidir le feidhm phraiticiúil, etc. an Achta.

29. —Féadfaidh an Coimisinéir tráchtaireachtaí ar fheidhm phrait iciúil agus ar oibriú fhorálacha an Achta seo, nó aon fhorálacha áir ithe F36**[**den Acht seo, nó fhorálacha aon achtacháin, nó aon fhorálacha áirithe d'aon achtachán a bhaineann le stádas nó úsáid teanga oifigiúla**]**, a ullmhú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear tráchtair eachtaí a bheidh bunaithe ar thaithí shealbhóirí oifig an Choimisinéara i ndáil le himscrúduithe, agus le fionnachtana tar éis imscrúduithe, de chuid sealbhóirí den sórt sin faoin Acht seo.

Tuarascálacha ón gCoimisinéir.

30. —(1) Déanfaidh an Coimisinéir, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil i ngach ceann de na teangacha oifigiúla maidir lena ghníomhaíochtaí nó lena gníomhaíochtaí sa bhliain sin a ullmhú agus a thabhairt don Aire.

(2) Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis an tuarascáil a fháil, a chur faoi deara cóip di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(3) Féadfaidh an Coimisinéir, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh ar mhaithe le leas an phobail nó ar mhaithe le leasanna aon duine, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú i ngach ceann de na teangacha oifigiúla i ndáil le haon imscrúdú a bheidh déanta aige nó aici nó i ndáil le haon fheidhm eile a bheidh comhlíonta aige nó aici faoin Acht seo nó i ndáil le haon ní a bhaineann le himscrúdú nó le comhlíonadh den sórt sin nó a éiríonn i gcúrsa an chéanna.

(4) San alt seo, ní fholaíonn "tuarascáil" tuarascáil faoi *alt 26* .

CUID 5

Logainmneacha

Mínithe.

31. —Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

F37**[**...**]**

folaíonn "logainm" ainm aon chúige, contae, cathrach, baile, sráidbhaile, barúntachta, paróiste nó baile fearainn, nó ainm aon ghné tíre (nádúrtha nó saorga), dúiche, limistéir nó áite, mar a thais peántar ar léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis éireann;

tá le "ordú logainmneacha" an bhrí a shanntar dó le *halt 32*.

F38**[**An Coiste Logainmneacha a bhunú

31A. —(1) Beidh arna bhunú ar thosach feidhme alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 coiste ar a dtabharfar an Coiste Logainmneacha.

(2) Is é nó is í an tAire a sholáthróidh rúnaíocht agus feidhmeanna feidhmiúcháin an Choiste Logainmneacha.**]**

F39**[**Comhaltas an Choiste Logainmneacha

31B. —(1) Is iad a bheidh ar an gCoiste Logainmneacha na comhaltaí seo a leanas—

(*a*) Cathaoirleach, agus

(*b*) líon gnáthchomhaltaí nach lú ná 7 ná nach mó ná 10,

(2) Déanfaidh an tAire comhalta amháin den Choiste Logainmneacha a shainainmniú mar Chathaoirleach.

(3) Is daoine atá inniúil i nGaeilge a bheidh ar an gCoiste Logainmneacha, agus—

(*a*) beidh taithí nó saineolas, nó taithí agus saineolas araon, acu ar nithe a bhaineann le logainmneacha, nó

(*b*) is saineolaithe ar stair na hÉireann a bheidh iontu.

(4) Beidh comhalta den Choiste Logainmneacha faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, agus íocfar leis nó léi cibé liúntais i leith caiteachas, a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(5) Más rud é nach bhfuil an Cathaoirleach ábalta ar aon chúis leanúint de bheith ag gníomhú mar Chathaoirleach, féadfaidh an tAire comhalta eile den Choiste Logainmneacha a shainainmniú chun gníomhú mar Chathaoirleach.

(6) Beidh comhalta den Choiste Logainmneacha i seilbh oifige go ceann cibé tréimhse, nach faide ná 3 bliana ó dháta a cheaptha nó a ceaptha, a chinnfidh an tAire.

(7) Faoi réir *fho-alt (8)*, beidh comhalta den Choiste Logainmneacha a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha chun an Choiste Logainmneacha.

(8) Maidir le comhalta den Choiste Logainmneacha a mbeidh 2 théarma oifige as a chéile curtha isteach aige nó aici, ní bheidh sé nó sí in-athcheaptha chun an Choiste Logainmneacha go dtí go mbeidh tréimhse 3 bliana caite tar éis dheireadh an dara téarma as a chéile.

(9) Féadfaidh comhalta den Choiste Logainmneacha éirí as an gCoiste Logainmneacha trí litir a bheidh dírithe chuig an Aire, agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a bheidh sonraithe sa litir nó ar an dáta a gheobhaidh an tAire an litir, cibé acu is déanaí.

(10) Féadfaidh an tAire, aon tráth, comhalta den Choiste Logainmneacha a chur as oifig mar chomhalta den Choiste Logainmneacha más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, nó gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó gur dealraitheach don Aire gur gá é nó í a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Coiste Logainmneacha a fheidhmeanna go héifeachtach.

(11) Scoirfidh comhalta den Choiste Logainmneacha de bheith, agus beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Logainmneacha más rud é, maidir leis an gcomhalta sin—

(*a*) ar é nó í a chiontú ar díotáil ag cúirt dlínse inniúla, go ngearrfar téarma príosúnachta air nó uirthi, nó

(*b*) go bhfuil sé nó sí, nó go measfar é nó í a bheith, faoi réir ordú dícháilíochta, de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, cibé acu de bhua na Caibidle sin nó de bhua aon fhoráil eile den Acht sin.

(12) Is é nó is í an tAire a chinnfidh nósanna imeachta an Choiste Logainmneacha.**]**

F40**[**Feidhmeanna an Choiste Logainmneacha

31C. —(1) Maidir leis an gCoiste Logainmneacha—

(*a*) déanfaidh sé comhairle a sholáthar don Aire maidir le horduithe logainmneacha a dhéanamh faoi*alt 32*,

(*b*) déanfaidh sé taighde, nó déanfaidh sé taighde a choimisiúnú, i ndáil le logainmneacha,

(*c*) déanfaidh sé, ar iarraidh a fháil, cibé faisnéis maidir le logainmneacha, is cuí leis an gCoiste Logainmneacha, a sholáthar don phobal agus do chomhlachtaí poiblí, agus

(*d*) beidh aige cibé feidhmeanna eile a fhorordóidh an tAire ó am go ham.

(2) Le linn don Choiste Logainmneacha a fheidhmeanna faoi *fho-alt (1)* a chomhall, déanfaidh sé, a mhéid is dóigh leis is gá chun na críche sin, aon obair nó aon chomhairle arna cur i gcrích ag an gcomhlacht ar a dtugtar an Coimisiún Logainmneacha, arna bhunú le barántas ón Aire Airgeadais dar dáta an 24ú lá de Dheireadh Fómhair, 1946, agus ag an gcoiste neamhreachtúil (ar a dtugtar an Coiste Logainmneacha) a bhí ar marthain roimh thosach feidhme alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a chur i gcuntas agus a sholáthar don Aire.**]**

Orduithe logainmneacha.

32. —(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di comhairle a fháil F42**[**ón gCoiste Logainmneacha**]** agus an chomhairle sin a bhreithniú, le hordú (dá ngairtear "ordú logainmneacha" sa Chuid seo)—

(*a*) a dhearbhú gurb é an leagan Gaeilge de logainm a bheidh sonraithe san ordú cibé focal nó focail a shonróidh sé nó sí san ordú,

(*b*) ordú logainmneacha a leasú nó a chúlghairm.

F41**[**(2) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoin alt seo i leith áit lena mbaineann ordú faoi*fho-alt (3)* d'*alt 192* (a cuireadh isteach le halt 48 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001**]**.

(3) Leagfar gach ordú logainmneacha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordai the, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Forléiriú focal i ndoiciméid dhlíthiúla.

33. —(1) Focal nó focail a mbeidh dearbhaithe ag an Aire in ordú logainmneacha gurb é an leagan Gaeilge é, nó gurb iad an leagan Gaeilge iad, de logainm a bheidh sonraithe san ordú, forléireofar i ndoiciméad dlíthiúil, mura léir a mhalairt d'intinn, é nó iad a bheith ag tagairt don áit chéanna agus a bheith ar chomhfheidhm agus ar chomhéifeacht leis an leagan Béarla den logainm a bheidh sonraithe amhlaidh.

(2) I gcás ina ndéanfaidh an tAire dearbhú faoi *alt 32* i leith logainm i limistéar Gaeltachta, ní bheidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla den logainm amhail ar an agus ón dáta feidhme ach sin gan dochar d'aon ní arna dhéanamh roimh an dáta sin nó dá éis lena n-áirítear úsáid an leagain sin seachas a úsáid—

(*a*) in aon Acht den Oireachtas a rithfear tar éis an dáta feidhme nó in aon ionstraim reachtúil a dhéanfar tar éis an dáta sin faoi aon Acht,

(*b*) i cibé léarscáileanna, arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú ag Suirbhéireacht Ordanáis éireann nó le cead uaithi, a bheidh forordaithe, nó

(*c*) ar chomhartha bóthair nó sráide arna chur suas ag údarás áitiúil nó thar a cheann.

(3) San alt seo—

ciallaíonn "doiciméad dlíthiúil" —

(*a*) aon Acht den Oireachtas a rithfear tar éis an dáta feidhme, aon ionstraim reachtúil a dhéanfar tar éis an dáta sin faoi aon Acht nó an tiontú oifigiúil ar aon Acht nó ionstraim;

(*b*) aon ionstraim a bhfuil éifeacht dhlíthiúil nó iarmhairtí dlíthiúla aici nó a mbeartaítear an éifeacht nó na hiarmhairtí sin a bheith aici agus a fhorghníomhófar ar an dáta feidhme nó dá éis;

(*c*) aon doiciméad a úsáidtear in imeachtaí dlíthiúla nó chun críocha imeachtaí dlíthiúla agus a dhéanfar, a eiseofar nó a sheirbheálfar ar an dáta feidhme nó dá éis,

ciallaíonn "an dáta feidhme" an dáta a dtiocfaidh an t-ordú logainmneacha iomchuí i ngníomh.

Leasú ar an Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis éireann 2001.

34. —Leasaítear an tAcht um Shuirbhéireacht Ordanáis éireann 2001 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*h*) d'alt 4(2):

"(*h*) logainmneacha agus gnéithe seanda sna taifid agus sna bunachair sonraí léarscáilíochta náisiúnta agus i dtaifid agus i mbunachair sonraí ghaolmhara a thais peáint i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge.".

Aisghairm.

35. —Aisghairtear an tAcht Logainmneacha (Foirmeacha Gaeilge) 1973.

CUID 6

Ilghnéitheach

Ról an Ombudsman.

36. —Ní thoirmiscfidh aon ní san Acht seo ar an Ombudsman imscrúdú a dhéanamh, de bhun fho-alt (2) d'alt 4 den Acht Ombudsman 1980, ar aon ghníomh F43**[**arna dhéanamh ag gníomhaireacht inathbhreithnithe (de réir bhrí an Achta sin) nó arna dhéanamh thar ceann gníomhaireachta den sórt sin**]**

Alt 2.

AN CHéAD SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ POIBLÍ

1. Is comhlacht poiblí é gach ceann díobh seo a leanas chun críocha an Achta seo:

(1) An Roinn Talmhaíochta agus Bia
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
An Roinn Cosanta
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
An Roinn Airgeadais
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An Roinn Sláinte agus Leanaí
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An Roinn Fiontar Poiblí
F44**[**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**]**
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
Roinn an Taoisigh
An Roinn Iompair
F45**[**...**]**
An Phríomh-Oifig Staidrimh
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
F46**[**Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí**]**
Oifig an Ard-Aighne
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
F47**[**Seirbhís Thithe an Oireachtais**]**
Oifig an Uachtaráin
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

(2) Gníomhaireachtaí, Boird, Cuideachtaí Stáit (trách tála agus neamhthráchtála):

F48**[**...**]**
F49**[**...**]**
F48**[**...**]**
Ollscoil nó foras trí ú leibhéal eile
F50**[**bord oideachais agus oiliúna**]**
F51**[**Ospidéal Adelaide agus na Mí ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí**]**
F51**[**Údarás Uchtála na hÉireann**]**
F49**[**...**]**
F48**[**...**]**
F49**[**...**]**
F48**[**...**]**
F51**[**An Oifig Achomharc Talmhaíochta**]**
F51**[**Bord Comhpháirtíochta Limistéir**]**
An Bord Bia
F49**[**...**]**

An Bord Pleanála
F48[...]
F48[...]
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gael scolaíochta
F48[...]
F48[...]
Comhlacht Forfheidhmithe arna bhunú faoin Acht um Chomh aontú na Breataine-na héireann 1999
An Post
F51[Logeolaire an Phoist Teoranta]
F51[An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)]
An túdarás um Ard-Oideachas
F51[Leabharlann an Ard-Easpaig Marsh]
F48[...]
F48[...]
Boird Chomhpháirtíochta Limistéir
F48[...]
F51[Ospidéal Ginearálta Bheanntraí]
F51[Ospidéal Beaumont]
Bith-Thaighde éireann
F49[...]
F48[...]
Bord Iascaigh Mhara
Bord na gCon
F48[...]
Bord na Móna
F48[...]
Bord Scannán na héireann
F48[...]
F48[...]
F51[Údarás Craolacháin na hÉireann]
Bus Átha Cliath
Bus Éireann
F51[Ospidéal Ginearálta an Chabháin]
F51[Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapaí]F49[...]
F51[An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla)]
F51[An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh]
F51[An Coimisiún um Thoghlaigh]
F52[Iascach Intíre Éireann]
F53[Banc Ceannais na hÉireann]
F51[An tÚdarás Rialála Carthanas]
Leabharlann Chester Beatty
Coillte Teoranta
F48[...]
F48[...]
F48[...]
F49[...]
F48[...]
F51[Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath]
F51[Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin]
F51[Cuideachta Shealbhaíochta Chóras Iompair Éireann]

F51[Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh]
F51[Cosc - An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc]
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
F48[...]
F48[...]
F48[...]
F48[...]
F48[...]
F51[Ospidéal Chromadh]
F51[An Coimisiún um Chosaint Sonraí]
F51[Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann]
Bord Ceaintín na bhFórsaí Cosanta
An Chomhairle Fiaclóireachta
F48[...]
F48[...]
F51[Bord Clárúcháin na mBia-Eolaithe]
Bord Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath
F48[...]
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath
F48[...]
F51[Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre]
An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
F51[Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann]
F51[An Foras Taighde ar Oideachas]
F51[EirGrid cpt]
Bord Soláthair an Leictreachais
An Bord Comhairleach Fuinnimh
F51[Ospidéal Inse]
Fiontraíocht Éireann
F51[Ervia]
F48[...]
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
F51[Músaem Bád Aeir agus Muirí Fhainge]
F51[Gaisce - Gradam an Uachtaráin]
F51[Líonraí Gáis Éireann]
F48[...]
F48[...]
An Bord Seirbhísí Liachta Ginearálta (Íocaíochtaí)
An Phríomh-Oifig Chlárúcháin
F48[...]
F48[...]
F51[Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin]
F51[Údaráis Chuain de réir bhrí na nAchtanna Cuanta, 1946 go 2015]
Cuideachtaí Cuain dá dtagraítear in alt 7 den Acht Cuanta 1996
An túdarás Sláinte agus Sábháilteachta
F51[An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh]
F51[An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte]
An Bord Taighde Sláinte
F49[...]

F48[...]
Rásaíocht Capall Éireann
F51[An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe]
F49[...]
F49[...]
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe cpt
F51[Iarsmalann Hunt]
G.F.T. Éireann
Iarnród Éireann
F51[Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann]
F51[Cuideachtaí Forbartha Comhtháite]
F51[Cuideachtaí Forbartha Comhtháite Áitiúla]
F49[...]
An Foras Riaracháin
International Development Ireland Limited
F48[...]
Údarás Eitlíochta na hÉireann
F51[Cartlann Ailtireachta na hÉireann]
F51[Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann]
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann
F48[...]
F49[...]
Binse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
F54[...]
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
F48[...]
Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta
F49[...]
F51[An Chomhairle um Thaighde in Éirinn]
F48[...]
F51[Uisce Éireann]
F51[Sábháilteacht Uisce na hÉireann]
F51[Ospidéal Ortaipéideach na Coille Críne, Cill Chainnigh]F49[...]F48[...]
F51[An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí]
Bord Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar
F51[Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn]
F48[...]
F48[...]
F48[...]
F51[Coiste Áitiúil Forbartha Pobail]F49[...]
F51[Cuideachtaí Forbartha Áitiúla]
F51[Oifigí Fiontar Áitiúil]
F51[An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil]
F51[Ospidéal Chontae Lú]
F51[Ospidéal Ginearálta Mhala]
Foras na Mara
F51[Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae]
F51[Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo]
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre
F51[Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine]
An Coimisiún Meabhair-Shláinte

F51[An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)]
F51[Ospidéal Ollscoile na Trócaire]
F51[An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr]
F51[An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise]
F51[An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór]
F51[Ospidéal Mhuineacháin]
F48[...]
F48[...]
F51[Ospidéal Ginearálta an Náis]
F51[An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Dhrugaí agus Alcól]
F51[An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní]
An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse
F48[...]
F49[...]
An Ceoláras Náisiúnta
F48[...]
F48[...]
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
F48[...]
An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach
Dánlann Náisiúnta na hÉireann
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
F48[...]
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne
Ard-Mhúsaem na hÉireann
F51[An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta]
F48[...]
F51[An Músaem Náisiúnta Cló]
F51[Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh]
F49[...]
F48[...]
F48[...]
F48[...]
F51[An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte]
F51[Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt]
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
An Bord Náisiúnta Staidrimh
National Technology Park Plassey Ltd.
An Chuideachta Amharclann Náisiúnta Teoranta (Amharclann na Mainistreach)
F51[An tÚdarás Náisiúnta Iompair]
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
F51[Ospidéal an Aonaigh]F48[...]
F51[Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair]
F51[Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann]
F48[...]
F51[Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Ceirde]
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
F51[Oifig an Chigire Príosún]
F48[...]
Oifig an Phámháistir Ghinearálta

F51[Oifig an Rialálaí Pleanála]
F48[...]
F48[...]
F51[An Bord Clárúcháin Súil-Liachta]
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
F51[Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn]
F51[Ospidéal Mhuire, An Uaimh]
F51[Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha]
Oifig na bPaitinní
F51[An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta]
Cumann Cógaiseoirí na hÉireann
F51[Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí]
F51[Pobal]
F48[...]
F51[Ospidéal Portiuncula]
F51[An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil]
F51[An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine]
F51[An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine]
F48[...]
F51[Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann]
F48[...]
Radio Telefís Éireann
F51[Bord Clárúcháin na Radagrafaithe]
Raidió na Gaeltachta
F48[...]
F48[...]
F51[Cláraitheoirí Breitheanna, Básanna, Póstaí agus Páirtnéireachtaí Sibhialta]
F48[...]
F48[...]
F51[An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe]
F51[An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre]
F51[Ospidéal Chontae Ros Comáin]
F51[Eoraphort Ros Láir]
F51[Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ)]
F51[Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (CARÉ)]
F51[An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre]
F51[Ospidéal Súl agus Cluas Ríoga Victoria]
F51[An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara]
F51[Fiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta]
F51[Grúpa na Sionainne, cuideachta phoiblí theoranta]
F51[Ospidéal Ollscoile Shligigh]
F51[Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh]
F51[Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialacha]
F51[Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas]
F51[An Otharlann Theas - Ospidéal Ollscoile Victoria]
F51[Tionól Réigiúnach an Deiscirt]
F51[Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga]
F51[Spórt Éireann]
F48[...]
F48[...]
F48[...]

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
An tSaotharlann Stáit
F51[Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann]
F51[Ospidéal Cholm Cille, Baile Uí Lachnáin]
F51[Ospidéal San Séam]
F51[Ospidéal Eoin, Luimneach]
F51[Ospidéal Ginearálta Lúcáis, Cill Chainnigh]
F51[Líonra Oinceolaíochta Radaíochta Naomh Lúcás]
F51[Ospidéal Naomh Micheál, Dún Laoghaire]
F51[Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann]
F51[Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann]
F48[...]
Teagasc
F48[...]
F48[...]
F48[...]
F49[...]
F51[Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid an Teampaill]
F51[TG4]
F48[...]
Bord na nArm-Phinsean
An Chomhairle Ealaíon
An Bord Achomhairc um Scrúdóireacht Scannán
An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán
An Bord um Chinsireacht Foilseachán
F51[An Binse Achomhairc do Charthanais]
F51[An Bord Achomhairc um Aicmiú Scannán]
F48[...]
F48[...]
F48[...]
F51[An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí]
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
F48[...]
An tSeirbhís Chúirteanna
F51[Gailearaí Crawford]
F51[An Biúró um Shócmhainní Coiriúla]
An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla
Óglaigh na hÉireann
An Binse Achomhairc Fostaíochta
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
F48[...]
An Garda Síochána
F51[Cigireacht an Gharda Síochána]
F51[Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána]
F48[...]
F48[...]
An tÚdarás Árachais Sláinte
An Chomhairle Oidhreachta
F48[...]
F49[...]
F51[An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta]

F51[An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte]
Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oide achasúil
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
F51[Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann]
F51[Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann]
F51[Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas]
F48[...]
Seirbhís Phríosúin na hÉireann
F48[...]
F48[...]
An Chúirt Oibreachais
F48[...]
F48[...]
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
Comhairle na nDochtúirí Leighis
An Bord Mianadóireachta
An Chartlann Náisiúnta
An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
F48[...]
F51[An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Baile Átha Cliath]
F49[...]
F48[...]
F48[...]
Oifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil don Státseirbhís
Oifig an Choimisinéara Faisnéise
F48[...]
Oifig an Ombudsman
F51[Oifig an Ombudsman do Leanaí]
F51[Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann]
F51[Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil]
F51[Oifig na nOibreacha Poiblí]
F51[Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta]
F51[Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean]
F51[An tÚdarás Pinsean]
F51[An Chomhairle Pinsean]
F51[An Chuideachta Duais-Bhannaí Teo.]
F51[An tSeirbhís Phromhaidh]
F51[An tÚdarás Clárúcháin Maoine]
Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann
F48[...]
F48[...]
An Coimisiún Reifrinn
F48[...]
F51[Ospidéal an Rotunda]
An Binse Leasa Shóisialaigh
An Coimisiún um Scrúduithe Stáit
F51[An Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn]

F51**[**An Coimisiún um Achomhairc Chánach**]**
F51**[**An Chomhairle Mhúinteoireachta**]**
F51**[**Bonneagar Iompair Éireann**]**
An Oifig Luachála
An Binse Luachála
Údarás na Gaeltachta
F51**[**Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéal na hOllscoile, Páirc Mhuirlinne**]**
F51**[**Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí**]**
F51**[**Ospidéal na hOllscoile, Luimneach**]**
F51**[**Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge**]**
F51**[**Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Luimneach**]**
Comhairle na dTréidlianna
An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh
Coimisiún Forbartha an Iarthair
F51**[**Ospidéal Ginearálta Loch Garman**]**
F51**[**An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre**]**
F48**[**...**]**

(3) údarás áitiúil,

(4) F55**[**...**]**

(5) aon chomhlacht, eagraíocht nó grúpa a bheidh forordaithe de thuras na huaire, le toiliú cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas, agus arb éard a bheidh ann—

(*a*) comhlacht, eagraíocht nó grúpa a fhaigheann airgead go díreach ó Aire den Rialtas, ó Roinn Stáit, ón bPríomh Chiste nó ó chomhlacht poiblí a shonraítear i *bhfomhír (2), (3)* nó *(4)* den mhír seo in imthosca inarb éard é an méid, nó comhiomlán na méideanna, a fhaightear amhlaidh 50 faoin gcéad nó níos mó de chaiteachas reatha an chomhlachta, na heagraíochta nó an ghrúpa sin i mbliain airgeadais,

(*b*) comhlacht, eagraíocht nó grúpa ar comhlacht poiblí é nó í ar an dáta a dtiocfaidh an Sceideal seo i ngníomh ach a thagann faoi úinéireacht phríobháideach agus faoi rialú príobháideach ina dhiaidh sin,

(*c*) comhlacht, eagraíocht nó grúpa a chomhlíonann feidhmeanna a bhí dílsithe le dlí roimhe sin do chomhlacht, eagraíocht nó grúpa faoi úinéireacht phoiblí nó rialú poiblí, nó

F56**[**(*d*) aon chomhlacht, eagraíocht nó grúpa eile—

(i) a bhfuil feidhmeanna a bhaineann leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, tugtha dó nó di le haon achtachán, nó

(ii) a gceadaítear dó nó di nó a gceanglaítear air nó uirthi le haon cheadúnas nó údarás arna dheonú nó arna thabhairt faoi aon achtachán feidhmeanna a chomhlíonadh faoin achtachán sin nó faoi aon achtachán eile a bhaineann leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne.**]**

2. Ní comhlacht poiblí comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bheidh forordaithe de bhun rialachán chun críocha F56**[***chlásal (d)* de *mhír 1(5)***]** ach amháin i leith feidhmeanna dá dtagraítear sa chlásal sin.

3. F56**[**Déanfaidh an tAire, uair ar a laghad gach 2 bhliain agus,**]**, le toiliú cibé Aire eile (más ann) den Rialtas is cuí leis an Aire ag féachaint d'fheidhmeanna an Aire eile sin den Rialtas,F56**[***fomhír (1) nó (2)***]** de *mhír 1* a leasú, le rialacháin, trí thagairt d'aon chomhlacht poiblí a chur isteach nó a scriosadh.

F57**[**3A. Le linn don Aire rialacháin a dhéanamh i leith comhlachta, eagraíochta nó grúpa de réir an Sceidil seo, beidh aird aige nó aici ar chríocha an Achta seo agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, cuirfidh sé nó sí na nithe seo a leanas i gcuntas:

(*a*) an leibhéal cumarsáide, cibé acu i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach, leis an teileafón nó i bpearsa, idir an comhlacht, an eagraíocht nó an grúpa lena mbaineann agus an pobal i gcoitinne nó aicme den phobal i gcoitinne;

(*b*) an leibhéal cumarsáide, cibé acu i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach, leis an teileafón nó i bpearsa, idir an comhlacht, an eagraíocht nó an grúpa lena mbaineann agus an pobal i gcoitinne nó aicme den phobal i gcoitinne a chónaíonn i Limistéar Gaeltachta, i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta, i mBaile Seirbhíse Gaeltachta nó i Líonra Gaeilge.**]**

4. Déanfar tagairt i *mír 1* d'aon Roinn áirithe Stáit a fhorléiriú —

(*a*) mar thagairt a fholaíonn tagairt do chomhlacht, d'eagraíocht nó do ghrúpa atá sonraithe i ndáil leis an Roinn Stáit sin sa Sceideal a ghabhann leis an Acht Airí agus Rúnaithe 1924 (nach comhlacht poiblí eile é atá sonraithe sa mhír sin), agus

(*b*) mar thagairt nach bhfolaíonn aon chomhlacht, eagraíocht nó grúpa eile.

Alt 20.

AN DARA SCEIDEAL

An Coimisinéir Teanga

1. Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo, beidh duine a cheapfar mar Choimisinéir i seilbh oifige go ceann téarma 6 bliana agus féadfar é nó í a athcheapadh chun na hoifige don dara téarma nó do théarma dá éis.

2. Aon duine a cheapfar mar Choimisinéir—

(*a*) féadfaidh an tUachtarán, ar an duine á iarraidh sin, é nó í a scaoileadh ó oifig,

(*b*) féadfaidh an tUachtarán é nó í a chur as oifig ach ní chuir fear as oifig é nó í ach amháin mar gheall ar mhí-iompar sonraithe, éagumas nó féimheacht ná ansin féin ach tar éis do Dháil éireann agus do Sheanad éireann rúin a rith ag éileamh é nó í a chur as oifig, agus

F58**[**(*c*) éireoidh sé nó sí as oifig ar chaoi ar bith ar 70 bliain d'aois a shlánú nó, i gcás go bhforordófar aois is airde ná sin le hordú faoi *alt 3A(2)* den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 chun críocha an Achta sin, ar an aois sin a shlánú ach, i gcás gurb iontrálaí nua an duine (de réir bhrí an Achta sin) arna cheapadh nó arna ceapadh an 1 Aibreán 2004 nó dá éis, ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir le héirí as oifig ar fhoras aoise**]**

3. (1) Más rud é, i gcás duine a shealbhaíonn oifig an Choimisinéara—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad éireann,

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó d'údarás áitiúil nó chun Parlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1993) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa 1977 é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé nó sí, air sin, de bheith ina Choimisinéir nó ina Coimisinéir.

(2) Duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal faoi Bhuan Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa nó d'údarás áitiúil, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha mar Choimisinéir.

4. Aon duine a bheidh i seilbh oifig an Choimisinéara ní shealbh óidh sé nó sí aon oifig nó fostaíocht eile a bhfuil díolaíochtaí iníoctha ina leith ná ní bheidh sé nó sí ina chomhalta nó ina comhalta de na hÓglaigh Cúltaca.

5. Íocfar leis an gCoimisinéir, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire ó am go ham le toiliú an Aire Airgeadais.

6. (1) Féadfaidh an tAire scéim nó scéimeanna a dhéanamh agus a chur i gcrích de réir a téarmaí, is scéim nó scéimeanna chun pinsin, aiscí nó liúntais a dheonú, ar scor nó ar bhás, do dhaoine a bhí i seilbh oifig an Choimisinéara nó i leith na ndaoine sin.

(2) Féadfaidh an tAire, tráth ar bith, scéim nó scéimeanna lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim faoin mír seo a dhéanamh agus a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(3) Déanfar scéim faoin mír seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

7. (1) Féadfaidh an tAire cibé líon daoine a chinnfidh an tAire ó am go ham, le toiliú an Aire Airgeadais, a cheapadh le bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara.

(2) Beidh comhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara ina stát seirbhísigh i Státseirbhís an Stáit (de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956).

(3) Féadfaidh an tAire na cumhachtaí is infheidhmithe aige nó aici faoi Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse 1956 agus faoi Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 1996 mar an t-údarás iomchuí i ndáil le comhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara a tharmligean chun an Choimisinéara agus, má dhéanann an tAire amhlaidh, ansin, fad a fhanfaidh an tarmligean i bhfeidhm—

(*a*) beidh na cumhachtaí sin, in ionad iad a bheith infheidhmithe ag an Aire, infheidhmithe ag an gCoimisinéir, agus

(*b*) is é nó is í an Coimisinéir, in ionad an Aire, an t-údarás iomchuí chun críocha an Achta seo i ndáil le comhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara.

8. (1) Coimeádfaidh an Coimisinéir, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé nó sí agus na cuntais speisialta sin go léir (más ann) a ordóidh an tAire.

(2) Déanfaidh an Coimisinéir cuntais a choimeádfar de bhun na míre seo i leith gach bliana a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an bhliain ina dhiaidh sin, ar dháta nach déanaí ná dáta a shonróidh an tAire, lena n-iniúchadh agus, a luaithe is féidir tar éis an iniúchta, déanfaidh an Coimisinéir cóip de na cuntais sin, nó de cibé sleachta as na cuntais sin a shonróidh an tAire, mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na cuntais, a thíolacadh don Aire agus cuirfidh seisean nó sise faoi deara cóipeanna de na doiciméid a tíolacadh dó nó di a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

9. Féadfaidh an Coimisinéir aon fheidhm de chuid an Choimisinéara (seachas feidhmeanna faoin mír seo nó faoi *alt 26*) a tharmligean chuig comhalta d'fhoireann an Choimisinéara agus déanfar tagairtí san Acht seo don Choimisinéir a fhorléiriú, más cuí ag féachaint d'aon tarmligean faoin mír seo, mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d'aon duine a mbeidh feidhmeanna tarmligthe chuige nó chuici leis an tarmligean.

Uimhir 32 *de* 2003

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

ATHBHREITHNITHE

Uasdátaithe go 1 Meitheamh 2025

Réamhrá

Leis an Acht Athbhreithnithe seo, cuirtear téacs an Achta i láthair mar a leasaíodh é óna achtú, agus caomhnaítear an leagan amach inar ritheadh é.

Reachtaíocht ghaolmhar

Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021: is ceann de ghrúpa Achtanna a bhaineann leis an gcomhlua seo (*Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021* (49/2021), a. 20(2)) é an tAcht seo. Is iad na hAchtanna sa ghrúpa:

• *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* (32/2003)
• *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021* (49/2021)

Anótálacha

Níl an tAcht Athbhreithnithe seo anótáilte agus ní fholaíonn sé ach leasuithe téacsúla. Tá leagan anótáilte den athbhreithniú seo ar fáil freisin a thaispeánann leasuithe téacsúla agus neamh-théacsúla agus a bhfoinsí. Taispeánann sé nótaí eagarfhocal, ionstraimí reachtúla déanta de bhun an Achta agus forálacha a raibh feidhm acu roimhe, san áireamh.

Ábhar nach bhfuil uasdátaithe san athbhreithniú seo

Má tá reachtaíocht eile leasaithe ag an Acht seo, féadfaidh sé gur cuireadh leasuithe eile i reachtaíocht eile in ionad na leasuithe sin, nó féadfaidh sé go ndearnadh an reachtaíocht leasaithe a aisghairm nó a chúlghairm. Níl an fhaisnéis sin léirithe san athbhreithniú seo ach beidh sé le feiceáil in athbhreithniú ar an reachtaíocht leasaithe, má tá ceann ar fáil. Is féidir liosta d'athruithe reachtacha ar Acht ar bith, agus ar ionstraimí reachtúla ó 1972 i leith, a fháil trí naisc ó leathanach an Achta nó na hionstraime reachtúla ag www.irishstatutebook.ie.